# CEISTNEOIR DON CHOIMISINÉIR AINMNITHE

## Maroš ŠEFČOVIČ

## An Trádáil agus Slándáil Eacnamaíoch, an Caidreamh agus an Trédhearcacht Idirinstitiúideach

**1. Inniúlacht ghinearálta, tiomantas don Eoraip agus neamhspleáchas pearsanta**

*Cad iad na gnéithe de do chuid cáilíochtaí pearsanta agus de do thaithí atá thar a bheith ábhartha chun go bhféadfá dul i gceann poist mar Choimisinéir agus chun go bhféadfá leas ginearálta na hEorpa a chur chun cinn, go háirithe sa réimse a mbeifeá freagrach as? Conas a rannchuideoidh tú le treoirlínte polaitiúla an Choimisiúin a chur chun feidhme? Conas a chuirfidh tú príomhshruthú inscne chun feidhme agus conas a chomhtháthóidh tú gné na hinscne i ngach réimse beartais de do shainchúraimí? Conas a chuirfidh tú príomhshruthú na hóige chun feidhme?*

*Cad iad na ráthaíochtaí neamhspleáchais atá tú in ann a thabhairt don Pharlaimint, agus cén chaoi a gcinnteofá nach ndéanfadh aon ghníomhaíochtaí a rinne tú roimhe seo, atá ar siúl anois agat nó a bheidh ar siúl amach anseo agat, an bonn a bhaint ón tslí a gcomhlíonfaidh tú do chuid dualgas sa Choimisiún?*

Creidim go bhfuil na cáilíochtaí cearta agus an taithí ghairmiúil chuí agam chun cur le leas ginearálta na hEorpa.

Tá mo chuid oibre tiomanta do Ghnóthaí an Aontais le breis agus 20 bliain anuas. Tá eolas mionsonraithe bainte amach agam ar institiúidí an Aontais agus tá tiomantas daingean léirithe agam d’ár dtionscadal coiteann Eorpach. Ar dtús, mar Bhuanionadaí na Slóvaice chuig an Aontas Eorpach (2004-2009). Níos déanaí, mar an Coimisinéir um Oideachas, um Oiliúint, um Chultúr agus um an Óige (2009-2010), agus ansin mar Leas-Uachtarán an Choimisiúin: um Chaidreamh Idirinstitiúideach agus um Riarachán (2009-2014), um an Aontas Fuinnimh (2014-2019), um Chaidreamh Idirinstitiúideach agus um Fhadbhreathnaitheacht (2019-2023), agus faoi láthair, mar Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin an Choimisiúin Eorpaigh um an gComhaontú Glas don Eoraip, um an gCaidreamh Idirinstitiúideach agus um Fhadbhreathnaitheacht.

Le linn na sainorduithe sin, bhí mé ar theann mo dhíchill chun an leas Eorpach a chur chun cinn, caidreamh láidir a fhorbairt agus a chothú idir institiúidí an Aontais agus le Parlaimint na hEorpa go sonrach.

Údar bróid ar leith dom is ea ár dtionscnaimh a chuir go mór le seasamh na hEorpa a neartú sa bhaile agus timpeall an domhain, sa tslí gur cruthaíodh bonn láidir tionsclaíoch le haghaidh nuatheicneolaíochtaí glana agus le haghaidh teicneolaíochtaí glana atá ag teacht chun cinn san Aontas; ceannach comhpháirteach tráchtearraí straitéiseacha a chur chun cinn, amhail gás, hidrigin agus amhábhair chriticiúla; nó comhpháirtíochtaí le tíortha comharsanachta an Aontais a dhoimhniú, mar shampla trí chaibidlíocht i ndiaidh an Bhreatimeachta leis an Ríocht Aontaithe a thabhairt i gcrích, a raibh Creat Windsor 2023 idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe mar thoradh air.

Bhí mé rannpháirteach go gníomhach i ndíospóireachtaí agus i gcinnteoireacht an Choláiste, agus gnéithe láidre inbhuanaitheachta agus sóisialta i gcónaí chun tosaigh i mo chuid oibre.

Mar a leagtar amach sa litir mhisin a cuireadh chugam, tá gá ag an Eoraip le beartas eacnamaíoch eachtrach nua, a bhainfidh rathúnas amach dúinn agus a chinnteoidh cothrom iomaíochta domhanda. Má dheimhnítear m’ainmniúchán mar Choimisinéir, beidh mé ar theann mo dhíchill chun a áirithiú go rachaidh saorthrádáil chóir chun tairbhe do ghnólachtaí agus do thomhaltóirí Eorpacha, trí chomhpháirtíochtaí inbhuanaithe a fhorbairt ar fud an domhain, trínár gcóras custaim a nuachóiriú, trí sheasamh níos teanntásaí a ghlacadh i gcoinne na hiomaíochta éagóraí agus tríd an tslándáil eacnamaíoch a chur i gcroílár ár gcuid iarrachtaí.

An dlúthchaidreamh agus an comhar stuama le Parlaimint na hEorpa, is iad siúd na treoirphrionsabail a bhí riamh agam – agus a bheidh go fóill – le linn mo sheirbhíse mar Chomhalta den Choláiste.

Le linn mo shainordaithe roimhe seo, i mo cháil mar Leas-Uachtarán um Chaidreamh Idirinstitiúideach agus um Riarachán (2009-2014), rinne mé an Creat-Chomhaontú a chaibidliú le Parlaimint na hEorpa thar ceann an Choimisiúin.

Mar chuid den sainordú reatha, d’oibrigh mé i ndlúthchomhar leis na Comhaltaí chun Clár Oibre bliantúil an Choimisiúin a ullmhú chomh maith leis an Dearbhú Comhpháirteach maidir le tosaíochtaí reachtacha, i gcomhréir leis an gComhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr. Anuas air sin, rinne mé faireachán ar obair leantach ó thaobh rúin ón bParlaimint agus rinne mé deimhin de go ndearna an Coimisiún beart de réir a bhriathair faoi Airteagal 225 CFAE.

Má dheimhnítear m’ainmniúchán mar Choimisinéir don chéad sainordú eile, féachfaidh mé le leas a bhaint as an taithí sin chun an comhar idir an Coimisiún Eorpach agus Parlaimint na hEorpa a neartú a thuilleadh agus ar an gcaoi sin, cuidiú leis an dlisteanacht dhaonlathach a fheabhsú san Eoraip.

Tá Parlaimint na hEorpa ag croílár fhís an Uachtaráin thoghaí Ursula von der Leyen beart a dhéanamh de réir a briathair do shaoránaigh an Aontais, mar atá leagtha amach ina treoirlínte polaitiúla, agus mar atá sonraithe aici sa litir mhisin a chuir sí chugam. San áireamh leis sin tá an obair chun ár gCreat-Chomhaontú a athbhreithniú, chomh maith le dul chun cinn a dhéanamh ar ár gcomhar maidir le hAirteagal 225, trína iarraidh ar Choimisinéirí páirt a ghlacadh in idirphlé struchtúrtha le coistí Parlaiminteacha i leith na rún sin, rud a thabharfaidh ról níos láidre don Pharlaimint maidir le reachtaíocht a thionscnamh agus a mhúnlú.

Má dheimhnítear m’ainmniúchán mar Choimisinéir, déanfaidh mé cur chun feidhme an phríomhshruthaithe inscne a neartú a thuilleadh. Tacóidh mé agus cuirfidh mé le hiarrachtaí chun an comhionannas inscne a bhaint amach inár n-obair laethúil tríd an bprionsabal sin a chur i bhfeidhm i m’fhoireann, agus leanfaidh mé de bheith ag cur leis an mbeartas maidir le príomhshruthú inscne a stiúir mé faoin sainordú roimhe seo agus mé i mo Leas-Uachtarán um Chaidreamh Idirinstitiúideach agus um Riarachán (2009-2014).

Táim chomh tiomanta céanna do phríomhshruthú na hóige, agus mé baint leas as an taithí a fuair mé roimhe seo. Mar shampla, d’fhreagair Cláir Oibre an Choimisiúin faoi mo chúram do na moltaí a rinneadh ag an gComhdháil ar Thodhchaí na hEorpa, próiseas ar leith inar leagadh béim láidir ar an óige. Má dheimhnítear m’ainmniúchán mar Choimisinéir, seasfaidh mé i gcónaí leis an ngealltanas sin, idir eile trí Idirphléití Beartais bliantúla leis an Aos Óg a thionól agus an chéad cheann a eagrú laistigh den chéad 100 lá den chéad sainordú eile de chuid an Choimisiúin.

Ar deireadh, má dheimhnítear m’ainmniúchán mar Choimisinéir, geallaim go ndéanfaidh mé oibleagáidí an Chonartha maidir le neamhspleáchas, trédhearcacht, neamhchlaontacht agus infhaighteacht a chomhlíonadh gan teip.

Le linn mo shainordaithe roimhe seo agus mo shainordaithe reatha agus mé i mo Chomhalta den Choláiste, chomhlíon mé na hoibleagáidí uile i leith na n-institiúidí agus is chuige sin a rinne mé gach dearbhú leasanna a chur isteach agus a nuashonrú mar is gá. Ina theannta sin, d’urramaigh mé go hiomlán fuarlitir agus éirim Chonarthaí an Aontais agus an oibleagáid gníomhú ar mhaithe le leas na hEorpa.

Má dheimhnítear m’ainmniúchán mar Choimisinéir, leanfaidh mé d’urraim iomlán a thabhairt d’fhuarlitir agus éirim an Chonartha. Go sonrach, tabharfaidh mé urraim don oibleagáid gníomhú ar mhaithe le leas na hEorpa agus gan aon teagasc a ghlacadh ó aon rialtas ná ó aon chomhlacht eile. Urramóidh mé freisin an Cód Iompair do Chomhaltaí den Choimisiún Eorpach agus na forálacha atá ann maidir le coinbhleachtaí leasa. Tá mo Dhearbhú Leasanna iomlán agus tá rochtain ag an bpobal air agus déanfaidh mé é a nuashonrú má tá gá le haon athrú air.

**2. Na sainchúraimí a bhainistiú agus comhar le Parlaimint na hEorpa**

*An féidir leat gealltanas a thabhairt an Pharlaimint a chur ar an eolas go cuí faoi do chuid gníomhaíochtaí agus gníomhaíochtaí do chuid ranna? I do thuairim, cén tslí a bhfuil tú cuntasach don Pharlaimint?*

*Cad iad na gealltanais shonracha atá tú sásta a thabhairt maidir le do rannpháirtíocht leis an bParlaimint agus a bheith i láthair sa Pharlaimint, sa choiste agus sa suí iomlánach araon, ó thaobh trédhearcachta, comhair agus obair leantach éifeachtach ar sheasaimh na Parlaiminte agus iarrataí ar thionscnaimh reachtacha? Maidir le*

*tionscnaimh bheartaithe nó nósanna imeachta reatha, an bhfuil tú toilteanach faisnéis thráthúil agus doiciméid a sholáthar don Pharlaimint ar an mbonn comhionann céanna agus a dhéantar leis an gComhairle?*

Teagmháil le Parlaimint na hEorpa, sin rud atá fíorthábhachtach dom, mar a is léir ó mo chuid seirbhíse sa Choimisiún Eorpach.

Prionsabal na coláisteachta, tá sé an-tábhachtach dom freisin, agus má dheimhnítear mar Chomhalta den Choláiste mé, oibreoidh mé i gcomhar iomlán leis na Comhaltaí eile den Choláiste chuige sin.

Bheinn ar theann mo dhíchill chun a áirithiú go bhforbróimid beartais láidre bunaithe ar chomhthoil leathan i measc na bhfórsaí atá ar son na hEorpa, trínár gcomhpháirtíocht straitéiseach le Parlaimint na hEorpa. Creidim gurb í an aontacht an tsócmhainn is láidre atá againn.

Tá comhar éifeachtach idirinstitiúideach ríthábhachtach le haghaidh dhea-fheidhmiú chóras institiúideach an Aontais agus le haghaidh dhlisteanacht chóras cinnteoireachta an Aontais chomh maith. Tá an comhar sin ag brath ar phrionsabail threoracha áirithe atá le feiceáil i dTreoirlínte Polaitiúla agus i litreacha misin an Uachtaráin thoghaí Ursula von der Leyen, amhail an oscailteacht, an iontaoibh fhrithpháirteach agus malartú tráthrialta faisnéise, prionsabail a bhfuil mé tiomanta iad a chomhlíonadh.

Má dheimhnítear m'ainmniúchán mar Choimisinéir, leanfaidh mé de bheith ag obair go díograiseach ar an gcomhar idir an Coimisiún agus Parlaimint na hEorpa, go sonrach trí athbhreithniú ar an gCreat-Chomhaontú maidir leis an gcaidreamh idir an Pharlaimint agus an Coimisiún, chun cuidiú lenár bhfreagracht pholaitiúil chomhpháirteach agus ár n-idirphlé a neartú chomh maith leis an sreabhadh faisnéise agus an trédhearcacht a mhéadú.

Tacóidh mé leis an Uachtarán toghaí Ursula von der Leyen agus cuspóir aici ár n-idirphlé a neartú le Parlaimint na hEorpa. Dá bhrí sin, stiúrfaidh mé na hiarrachtaí chun a áirithiú go mbeidh na Coimisinéirí i láthair go rialta ina gcoistí féin agus sna seisiúin iomlánacha.

Creidim gur gá dúinn oibriú as lámh a chéile le Parlaimint na hEorpa ag gach céim den phróiseas ceaptha beartas. Sa chomhthéacs sin, má dheimhnítear m'ainmniúchán mar Choimisinéir, déanfaidh mé a áirithiú go mbeidh ról ag na coistí parlaiminteacha in aon fhorbairt thábhachtach atá faoi mo chúram.

Ról níos láidre a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa maidir le reachtaíocht a thionscnamh agus a mhúnlú:

I gcomhréir le gealltanas seasta Uachtarán toghaí an Choimisiúin ról níos láidre a thabhairt don Pharlaimint maidir le reachtaíocht a thionscnamh agus a mhúnlú, má dheimhnítear m'ainmniúchán mar Choimisinéir, seasfaidh mé lenár dtiomantas ó thaobh freagairt do rúin na Parlaiminte faoi Airteagal 225 CFAE le tograí reachtacha agus lánurraim á tabhairt do phrionsabail na comhréireachta, na coimhdeachta agus na reachtóireachta níos fearr. Cabhróidh mé lena áirithiú go nglacfaidh na Coimisinéirí páirt in idirphlé struchtúrtha le coistí Parlaiminteacha i leith na rún sin. Tá dul chun cinn maith déanta againn ar an ngealltanas sin faoi shainordú reatha an Choimisiúin, rud a chuireann bonn láidir ar fáil dúinn ar féidir linn cur leis.

Beartais trádála agus custaim:

Má dheimhnítear mar Choimisinéir mé, tá rún agam cloí leis na gealltanais ar fad maidir le beartas trádála agus custaim a shonraítear sa Chonradh. Tá rún agam freisin dul i dteagmháil go rialta le Coistí ábhartha Pharlaimint na hEorpa, trí sheisiúin faisnéise thiomnaithe dá gcomhaltaí freisin.

Maidir leis an tslándáil eacnamaíoch, déanfaidh mé an trédhearcacht a áirithiú agus beidh teagmháil rialta agam leis an bParlaimint maidir le forbairtí ábhartha a bhaineann leis na trí cholún a chomhdhéanann Straitéis Slándála Eacnamaíche an Aontais. Tacóidh mé a thuilleadh le hobair na Parlaiminte ar an mbonn comhionann céanna agus a thacaítear le hobair na Comhairle a mhéid a bhaineann le cinnteoireacht nuair a bhíonn an dá institiúid ina gcomhreachtóirí ar reachtaíocht maidir leis an tslándáil eacnamaíoch.

Táim ag tnúth freisin le hoibriú i gcomhar leis na Coistí ábhartha ar fad ar ghné sheachtrach reachtaíocht inmheánach an Aontais i réimsí éagsúla beartais d'fhonn aon tionchar sriantach a d'fhéadfadh a bheith ann ar an trádáil a bhainistiú.

Leanfaidh an Coimisiún de na cáipéisí beartais trádála céanna a chur ar fáil don Pharlaimint agus a chuireann sé ar fáil don Chomhairle, agus rialacha sonracha maidir le láimhseáil faisnéise íogaire á n-urramú ag an am céanna chun cosaint na faisnéise a áirithiú agus chun nochtadh neamhúdaraithe faisnéise a chosc.

Trédhearcacht:

I bhfianaise na ndúshlán eacnamaíoch, comhshaoil agus geopholaitiúil atá ann faoi láthair, feicim go bhfuil gá le comhthoil chomh leathan agus is féidir a chruthú maidir le beartas trádála an Aontais.

Má dheimhnítear m'ainmniúchán mar Choimisinéir, cinnteoidh mé go leanfaidh an trédhearcacht agus an mheastóireacht de bheith ina mbunchloch de bheartas trádála an Aontais chun an dlisteanacht agus muinín an phobail a choinneáil.

I dtreoirlínte polaitiúla an Uachtaráin thoghaí Ursula von der Leyen, leagtar béim ar thuilleadh trédhearcachta mar cheann de na príomhchuspóirí a bhaineann le Creat-Chomhaontú athbhreithnithe idir ár n-institiúidí. Oibreoidh mé i ndlúthchomhar le Parlaimint na hEorpa agus leis an gComhairle le haghaidh tuilleadh trédhearcachta ó thús go deireadh an phróisis reachtaigh. Dá bhrí sin, tá an-tábhacht ag baint leis an athbhreithniú ar an gComhaontú Idirinstitiúideach maidir le Clár Trédhearcachta na Parlaiminte, na Comhairle agus an Choimisiúin, atá le cur i gcrích faoi mhí Iúil 2025. Creidim go gcuideoidh sé sin ó thaobh iontaobhas a threisiú sna hinstitiúidí Eorpacha.

Soláthar faisnéise agus doiciméad:

Tuigim go hiomlán gur gné fhíor-riachtanach é an soláthar faisnéise agus doiciméad chun an chomhpháirtíocht idir Parlaimint na hEorpa agus an Coimisiún a dhoimhniú. Dá bhrí sin, geallaim go gcuirfidh mé chun feidhme ina n-iomláine forálacha ábhartha an Chreat-Chomhaontaithe idir an dá institiúid mar aon le forálacha ábhartha Chomhaontú Idirinstitiúideach 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr.

<u>Ceisteanna ón gCoiste um Thrádáil Idirnáisiúnta</u>

**3. Straitéis trádála, infheistíochta agus iomaíochais an Aontais do na cúig bliana amach romhainn**

*Tá clár oibre láidir trádála agus infheistíochta fíor-riachtanach chun fás eacnamaíoch agus forbairt inbhuanaithe a spreagadh, poist a chruthú agus tarraingteacht agus iomaíochas ár margaidh aonair a mhéadú. Tabhair tuilleadh sonraí faoi do straitéis trádála agus infheistíochta:*

➢ *Maidir leis na gnéithe ilpháirtithe agus iltaobhacha, conas a thógfaidh tú comhghuaillíocht chun EDT a nuachóiriú, na dúshláin a bhaineann lena fheidhm déanta rialacha a shárú agus chun a áirithiú go mbeidh córas lánfheidhmiúil um réiteach díospóidí againn? Cén chaoi a bhfuil sé beartaithe agat go mbeidh an tAontas i gceannas ar na hullmhúcháin don 14ú Comhdháil Aireachta go mbeidh rath uirthi? An ndéanfaidh tú caibidlíocht a thionscnamh agus a chur chun cinn le haghaidh comhaontuithe iltaobhacha agus, más gá, comhaontuithe ilpháirtithe maidir le bearnaí i leabhar rialacha EDT, lena n-áirítear idirghabháil stáit chun tacú le hearnálacha tionsclaíocha, cúirt iltaobhach infheistíochta a bhunú agus comhaontuithe ar thángthas orthu cheana a chur chun feidhme?*

➢ *Maidir leis na gnéithe déthaobhacha, cad iad na caibidlíochtaí déthaobhacha trádála a dtabharfaidh tú tús áite dóibh agus de réir cén amlínte? Conas a áiritheoidh tú cothrom iomaíochta le tíortha nach bhfuil san Aontas agus conas a thabharfaidh tú aghaidh ar chleachtais éagóracha trádála na Síne? Conas a thabharfaidh tú aghaidh ar bhacainní trádála leis na Stáit Aontaithe, agus conas a dhéanfaidh tú an Chomhairle Trádála agus Teicneolaíochta a choimirciú agus a neartú chun ceannaireacht thrasatlantach sa trádáil agus sna príomhtheicneolaíochtaí a chur chun cinn?*

➢ *Conas a áiritheoidh tú go leanfaidh an comhbheartas tráchtála (CPL) de bheith ina réimse inniúlachta eisiaiche don Aontas? An rachaidh tú i ngleic go cinntitheach le haon chineál imchéimniúcháin nó cleachtas aontaobhach ag na Ballstáit agus conas a dhéanfaidh tú é sin? Conas a áiritheoidh tú gur ar leibhéal an Aontais amháin a chinnfear daingniú comhaontuithe trádála agus infheistíochta nach bhfuil iontu ach forálacha a thagann faoi inniúlacht eisiach an Aontais? An ngeallfaidh tú go n-áiritheoidh tú nach n-iarrfar cur i bhfeidhm sealadach comhaontuithe trádála agus infheistíochta, lena n-áirítear caibidlí trádála de chomhaontuithe níos leithne, sula mbeidh a toiliú tugtha ag an bParlaimint maidir leis na comhaontuithe sin? An gcuirfidh tú comhaontuithe earnála chun cinn mar rogha nuair nach bhfuil comhaontuithe cuimsitheacha indéanta? Conas a chuirfidh tú an trádáil dhigiteach chun cinn chun tairbhe cuideachtaí agus tomhaltóirí?*

➢ *Conas a áiritheoidh tú go gcuirfidh CCP bunluachanna , coinbhinsiúin idirnáisiúnta, agus caighdeáin dhomhanda aeráide, chomhshaoil agus saothair chun cinn agus go ndéanfaidh sé leasanna tomhaltóirí agus oibrithe a chosaint, lena n-áirítear maidir leis an trádáil dhigiteach? Conas a chuirfidh tú an cur chuige nua*

*maidir le trádáil agus forbairt inbhuanaithe chun feidhme i gcomhaontuithe atá ann cheana agus a bheidh ann amach anseo, go háirithe maidir le SDGanna, Comhaontú Pháras, Coinbhinsiúin EIS agus Creat Domhanda Bithéagsúlachta Kunming-Montreal?*

Tá trádáil agus infheistíocht ríthábhachtach don Aontas Eorpach. Is é an tAontas an bloc trádála is mó ar domhan a bhfuil 16 % den trádáil dhomhanda aige, agus is é an t-infheisteoir coigríche is mó ar domhan freisin. Lenár naisc trádála, cumhachtaítear barainneachtaí scála, cuirtear le táirgiúlacht agus nuálaíocht an Aontais agus neartaítear ár n-athléimneacht - rudaí atá fíorthábhachtach i dtimpeallacht dhomhanda lena mbaineann iomaíocht gheopholaitiúil agus gheo-eacnamaíoch. Tacaíonn onnmhairí le breis agus 30 milliún post san Aontas agus is toradh ar infheistíochtaí coigríche laistigh den Mhargadh Aonair iad beagnach 10 milliún acu. Chun cuspóirí iomaíochais, slándála agus inbhuanaitheachta an tsainordaithe nua a bhaint amach, ní mór don Aontas a bheartais trádála agus infheistíochta a neartú.

Má dheimhnítear m'ainmniúchán mar Choimisinéir um an Trádáil agus Slándáil Eacnamaíoch, féachfaidh mé leis na cuspóirí sin a bhaint amach trí straitéis atá bunaithe ar ceithre cholún. <u>Ar an gcéad dul síos</u>, margaí a oscailt agus bacainní trádála a bhaint, chun áit a chur ar fáil ina bhféadfaidh ár ngnólachtaí a dhul in oiriúint agus ina n-éireoidh go maith leo agus cuimsíonn sin iad a chosaint ar chleachtais éagóracha trádála agus cothrom iomaíochta domhanda á áirithiú ag an am céanna. <u>Ar an dara dul síos</u>, athléimneacht an Mhargaidh Aonair a neartú trí fhoinsí soláthairtí amhábhar criticiúil agus príomhionchuir eile le haghaidh iomaíochas an Aontais a dhaingniú, a dhí-rioscú agus a éagsúlú. <u>Ar an tríú dul síos</u>, oibriú lenár gcomhpháirtithe chun ár n-aistriú i dtreo geilleagair níos glaise agus níos inbhuanaithe a áirithiú. <u>Ar an gceathrú dul síos</u>, féachaint le cobhsaíocht a chaomhnú sa chóras riailbhunaithe agus seasamh léi.

Leanfaidh mé d'iarrachtaí a stiúradh chun an **Eagraíocht Dhomhanda Trádála (EDT)** a athchóiriú agus a neartú. Cloch mhíle sa phróiseas sin a bheidh sa14ú Comhdháil Aireachta EDT. Ba cheart don Aontas leanúint d'ullmhúcháin a stiúradh le haghaidh torthaí substainteacha – go háirithe sa chaibidlíocht ar fhóirdheontais iascaigh, ach ar shaincheisteanna a bhaineann le forbairt, talmhaíocht agus slándáil bia freisin, chomh maith féachaint le bealach chun tosaigh faoin mhoratóir ríomhthráchtála. Má dheimhnítear m'ainmniúchán mar Choimisinéir, is éard a bheidh mar cheann de mo phríomhthosaíochtaí oibriú le Comhaltaí eile de EDT, Stáit Aontaithe Mheiriceá san áireamh, chun teacht ar chomhthoil maidir le córas éifeachtach um réiteach díospóidí, lena gcaomhnaítear na gnéithe atá riachtanach chun trádáil riailbhunaithe a choinneáil, agus go sonrach, feidhm athbhreithniúcháin maidir le hachomharc neamhchlaonta. Agus an próiseas sin ar siúl, leanfaidh mé d'oibríocht an Chomhshocraithe Ilpháirtí maidir le hEadráin Eatramhach Achomhairc (CIEEA) a chothú agus a fheabhsú. Ionas go bhfaighidh EDT a ról lárnach sa thrádáil idirnáisiúnta ar ais, ní mór di a leabhar rialacháin a thabhairt cothrom le dáta agus í féin a oiriúnú do réaltachtaí an lae inniu. Mar sin de, oibreoidh mé le réimse leathan comhaltaí de EDT chun aghaidh a thabhairt ar na príomhdhúshláin, agus na nithe seo a leanas san áireamh: iarmhairtí diúltacha ó idirghabháil an stáit sa gheilleagar, an nasc idir an trádáil agus an aeráid agus an comhshaol, comhaontuithe ilpháirtithe a chomhtháthú – ina measc sin infheistíocht le haghaidh forbairt agus ríomhthráchtáil a éascú – i gcreat EDT chomh maith le feabhas a chur ar phróisis chinnteoireachta.

Ag an am céanna, leanfaidh mé de bheith ag obair i dtreo bailchríoch a bheith curtha ar an gcaibidlíocht maidir leis an gCúirt Iltaobhach Infheistíochta a bhunú faoi 2027, caibidlíocht atá ar siúl i gCoimisiún na Náisiún Aontaithe um Dhlí Trádála Idirnáisiúnta (UNCITRAL).

Chun cuspóirí an Aontais a shaothrú, beidh gá le **clár oibre uaillmhianach um thrádáil dhéthaobhach agus infheistíocht**, a neartóidh ár n-iomaíochas agus ár n-athléimneacht, agus ardán á chur ar fáil le haghaidh comhar níos dlúithe ar an bhforbairt inbhuanaithe.

Má dheimhnítear m'ainmniúchán, tabharfaidh mé faoi theagmháil le comhpháirtithe ar **bhealach réamhghníomhach agus solúbtha**, á áirithiú go dtugtar aghaidh go hiomlán ar leasanna an Aontais. Ar thaobh amháin, tá rún agam ár gclár oibre leanúnach a chur chun cinn, agus díriú ar an réigiún Ind-Chiúin-Aigéanach, ar Mheiriceá Laidineach agus ar an Afraic. Tá caibidlíocht ar siúl ag an Aontas cheana féin leis an India, an Indinéis, an Téalainn, na hOileáin Fhilipíneacha agus comhpháirtithe trádála eile, agus tá sé ag cur bailchríoch ar shaincheisteanna ar feitheamh sa chaibidlíocht le Mercosur agus leis an Meicsiceo. Féachfaidh mé le hiad a thabhairt chun críche go tráthúil, faoi réir ár leasanna a bheith comhlíonta agus meas a bheith léirithe ar ár luachanna. Ar an taobh eile, fiosróidh mé bealaí nua chun naisc le comhpháirtithe a fhorbairt agus a dhoimhniú, a thagann le réimsí sonracha an leas choitinn, leasanna earnálacha san áireamh. Leis na cineálacha malartacha teagmhála sin a chuimsíonn Comhaontuithe lena n-Éascaítear Infheistíocht Inbhuanaithe, Comhaontuithe Trádála Digiteacha, Comhaontuithe um Aitheantas Frithpháirteach agus na Comhpháirtíochtaí nua um Thrádáil agus Infheistíocht Ghlan – ba cheart go mbeadh an tAontas in ann dul chun cinn níos tapa a dhéanamh ar

shaincheisteanna spriocdhírithe, rud a sholáthróidh tairbhí nithiúla don Aontas agus tairiscint tharraingteach dá gcomhpháirtithe.

Caidrimh dhéthaobhacha an Aontais le **Stáit Aontaithe Mheiriceá agus** leis **an tSín**, agus dinimic a n-iomaíochta straitéisigh, leanfaidh na caidrimh sin de thionchar a imirt ar ár mbeartas trádála.

Is é **Stáit Aontaithe Mheiriceá** ár gcomhpháirtí trádála is mó agus tá rún agam ár gcaidreamh déthaobhach a fhorbairt trí idirphlé chomh maith le trínár leasanna a chosaint go teanntásach. Bealach amháin is ea trí Chomhairle athchóirithe Trádála agus Teicneolaíochta idir an tAontas agus na Stáit Aontaithe, agus a struchtúr a oiriúnú de réir riachtanais agus tosaíochtaí athraitheacha. Ag an am céanna, tá rún agam oibriú i dtreo réiteach cairdiúil ar shaincheisteanna déthaobhacha, agus réitigh bhuanseasmhacha a aimsiú ar, cuir i gcás, an díospóid maidir le haerárthaí móra sibhialta agus maidir le taraifí na Stát Aontaithe ar chruach agus alúmanam, agus trí aghaidh a thabhairt ar bhearta a bhfuil tionchar acu ar ár gcaidreamh trádála, amhail an Acht um Boilsciú a Laghdú agus na ceanglais 'Buy America(n)'.

Ó thaobh na **Síne** de, oibreoidh mé ar son caidreamh trádála a bheidh níos cothroime agus níos frithpháirtí, lena n-áirítear trí aghaidh a thabhairt ar ábhair imní nach beag faoin gcothrom iomaíochta a bhaineann le seachtrachtaí diúltacha shamhail eacnamaíoch agus bheartas tionsclaíoch na Síne atá faoi anáil an stáit, chomh maith leis na ró-acmhainneachtaí atá ag saobhadh margaí domhanda agus slabhraí soláthair. Beidh gá le hidirphlé leanúnach agus úsáid straitéiseach ár mbosca uirlisí uasdátaithe d'ionstraimí uathrialacha nuair is gá, agus muid ag tabhairt aghaidh ar na dúshláin sin.

Agus beartais agus gníomhaíochtaí dúshlánacha romhainn, déanfaidh mé gach beart is gá chun leasanna an Aontais a chosaint sna caidrimh dhéthaobhacha sin.

Cé go bhfuil ábhair imní gheopholaitiúla agus geo-eacnamaíocha ag méadú, creidim go daingean go bhfuil sé tábhachtach tacú leis an bh**forbairt inbhuanaithe** tríd an mbeartas trádála, agus sin a dhéanamh trí chomhlíontacht le **caighdeáin** dhomhanda **aeráide, chomhshaoil agus saothair**. Má dheimhnítear m'ainmniúchán, oibreoidh mé chun a áirithiú go leanfaidh beartas an Aontais maidir le saincheisteanna inbhuanaitheachta de bheith fréamhaithe i gcur chuige a chomhaontaítear go hidirnáisiúnta. Leanfaidh mé de shaothrú cuspóirí forbartha inbhuanaithe a neartú, mar shampla i dtaca leis na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe, Comhaontú Pháras, Coinbhinsiúin na hEagraíochta Idirináisiúnta Saothair agus Creat Domhanda Bithéagsúlachta Kunming-Montréal. Déanfaidh mé amhlaidh in EDT, agus go déthaobhach, mar shampla trí na caibidlí maidir le trádáil agus forbairt inbhuanaithe inár gcomhaontuithe trádála. Lenár gcomhaontuithe déthaobhacha, soláthraítear ardán a bhfuil géarghá leis chun idirphlé, tuiscint agus comhar a dhoimhniú, agus foráil a dhéanamh freisin maidir leis an bhféidearthacht nósanna imeachta um réiteach díospóidí a neartú.

Ní mór go leanfaidh cosaint leasanna **thomhaltóirí** agus **oibrithe** de bheith ina gné lárnach de bheartas trádála an Aontais agus cumhdaíonn sé sin **an trádáil dhigiteach**. Má dheimhnítear m'ainmniúchán, féachfaidh mé le caibidlíocht bhreise a dhéanamh le comhpháirtithe trádála faoi rialacha ceangailteacha maidir le trádáil dhigiteach agus sreafaí sonraí a chuirfidh múnla an Aontais atá duine-lárnach agus atá bunaithe ar luachanna chun tosaigh go domhanda.

Leanfaidh aontacht an Aontais de bheith ríthábhachtach ó thaobh ár seasaimh eacnamaíoch agus gheopholaitiúil. Dá bhrí sin, tá rún agam leas foriomlán a bhaint as na huirlisí atá ar fáil chun inniúlacht eisiach an Aontais a fhorfheidhmiú, cuir i gcás trí idirphlé neamhfhoirmiúil agus, más gá, trí nósanna imeachta foirmiúla um shárú.

Ag an am céanna, ní mór inniúlacht eisiach agus aontacht an Aontais a léiriú sa chumas atá againn ár gcomhaontuithe a dhaingniú – is air sin a bhraitheann ár n-inchreidteacht. Mar phrionsabal, féachfaidh mé le teacht ar chomhthuiscint le Parlaimint na hEorpa agus leis an gComhairle chun an oiread comhaontuithe trádála agus infheistíochta agus is féidir a thabhairt i gcrích i bhfoirm comhaontuithe a thagann faoi inniúlacht an Aontais. D'áiritheofaí leis sin teacht i bhfeidhm tapa na gcomhaontuithe sin, rud a sholáthródh sochair fhollasacha do shaoránaigh an Aontais, do FBManna agus do ghnólachtaí i gcoitinne. Ar ndóigh, bheadh sé sin faoi réir ghrinnfhiosrúchán riachtanach na mBallstát agus Pharlaimint na hEorpa ar leibhéal an Aontais. Má tharlaíonn sé go dtabharfar roinnt comhaontuithe i gcrích mar chomhaontuithe measctha, urramóidh mé – má dheimhnítear m'ainmniúchán – agus seasfaidh mé leis an ngealltanas toiliú a lorg ó Pharlaimint na hEorpa roimh an gcur i bhfeidhm sealadach.

#### 4. An tSlándáil Eacnamaíoch

*Is é is aidhm don tslándáil eacnamaíoch rioscaí a íoslaghdú agus, ag an am céanna, an leibhéal is airde is féidir d'oscailteacht agus d'iomaíochas eacnamaíoch a chaomhnú agus níor cheart í a úsáid riamh mar ionstraim chun srian míchuí a chur ar thrádáil. I ndáil leis an méid sin:*

- *Conas a áiritheoidh tú go mbeidh an tslándáil eacnamaíoch, an trádáil agus an infheistíocht, go léir mar chuid de chur chuige comhtháite? Cad iad na bearta a dhéanfaidh tú chun an clár oibre maidir leis an tslándáil eacnamaíoch a cheapadh agus a chur chun feidhme? Conas a fheiceann tú ról na trádála laistigh de choincheap an 'bheartais eacnamaíoch eachtraigh nua' agus conas a áiritheoidh tú go n-úsáidfear an trádáil mar uirlis gheostraitéiseach?*
- *Cén chaoi a bhfuil sé i gceist agat sraith uirlisí na mbeart cosanta trádála a glacadh le linn an naoú téarma reachtach agus na dtéarmaí reachtacha roimhe seo a úsáid mar chuid de dhúnghaois nua maidir leis an tslándáil eacnamaíoch? An bhfeiceann tú aon bhearnaí sa tsraith uirlisí atá ann cheana? Cad iad na chéad chéimeanna eile a bheidh agat maidir le rialú onnmhairiúcháin agus infheistíochtaí amach?*
- *Conas a threiseoidh tú colún comhpháirtíochta na straitéise slándála eacnamaíche? Cad a bheidh i gceist le Comhpháirtíochtaí um Thrádáil agus Infheistíocht Ghlan? Conas a áiritheoidh tú comhsheasmhacht agus sineirgí leis an Tairseach Dhomhanda? An mbeidh an Pharlaimint in ann toiliú a thabhairt tar éis na comhaontuithe sin a thabhairt i gcrích? Conas a chuirfidh tú rochtain ar amhábhair chriticiúla ó thíortha nach tíortha den Aontas Eorpach iad chun cinn ar bhealach a rachaidh chun tairbhe don dá thaobh agus conas a áiritheoidh tú go ndéanfar tuilleadh grinnscrúdaithe ar an bParlaimint?*
- *Conas a thacóidh tú le Coimisinéirí eile agus conas a chomhoibreoidh tú leo maidir le téarnamh eacnamaíoch na hÚcráine agus tíortha comhpháirtíochta eile atá thíos le cogadh foghach na Rúise, go háirithe trí athbhreithniú uaillmhianach a dhéanamh ar DCFTA idir an tAontas Eorpach agus an Úcráin, trí chúnamh macrairgeadais, trí fhorfheidhmiú fuinniúil an chórais smachtbhannaí i gcoinne na Rúise agus trí aon chineál imchéimniúcháin a sheachaint?*

Le timpeallacht gheopholaitiúil agus gheo-eacnamaíoch shuaite na linne seo, ceanglaítear ar an Aontas dlús a chur lena iarrachtaí agus lánúsáid a bhaint as na beartais inmheánacha agus sheachtracha agus na huirlisí atá ar fáil dó. Léirítear é sin sa **ról cumasúcháin** atá ag an mbeartas trádála sna Treoirlínte Polaitiúla nua, rud a rannchuidíonn le hilchuspóirí an Aontais a bhaint amach. Feictear arís é sa réimse seachtrach tríd an m**beartas eacnamaíoch eachtrach**, rud a chomhtháthóidh **an tslándáil eacnamaíoch**, **an trádáil** agus na **comhpháirtíochtaí** chun leasanna an Aontais a shaothrú ar bhealach níos éifeachtaí. Má dheimhnítear m'ainmniúchán mar Choimisinéir um an Trádáil agus Slándáil Eacnamaíoch, cinnteoidh mé go mbeidh beartais trádála, infheistíochta agus slándála eacnamaíche ina ndlúthchuid chomhleanúnach de fhreagairt chuimsitheach an Aontais ar na dúshláin atá romhainn.

Tá slándáil eacnamaíoch an Aontais fréamhaithe i Margadh Aonair atá bríomhar, oscailte agus athléimneach. Mar an bloc trádála is mó ar domhan, tá an tAontas comhtháite go domhain laistigh den gheilleagar domhanda agus a shlabhraí luacha ollmhóra, rud a chuireann ar ár gcumas dúinn na hionchuir a theastaíonn a fháil ar gach céim den táirgeadh agus uas-scálú a dhéanamh trí rochtain ar mhargaí eachtracha. Má dheimhnítear m'ainmniúchán, beidh sé de chuspóir agam an leibhéal is airde oscailteacht agus iomaíochas eacnamaíoch a chaomhnú, á áirithiú go bhfuil tuiscint láidir ann faoi na leochaileachtaí atá againn agus na rioscaí atá romhainn, agus go n-úsáidfear na bearta maolúcháin is gá chun iad a theorannú.

Bunófar mo chur chuige ar **mheasúnaithe riosca** agus ar úsáid bhearta ar fud na g**colún 'cur chun cinn', 'cosaint' agus 'comhpháirtí'** den Straitéis Slándála Eacnamaíche. Maidir leis sin, oibreoidh mé i ndlúthchomhar le Coimisinéirí eile, mar shampla an tArd-Ionadaí/Leas-Uachtarán, an Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin um Rathúnas agus an Straitéis Tionsclaíochta chomh maith le Parlaimint na hEorpa, na Ballstáit agus na páirtithe leasmhara ábhartha chun an malartú faisnéise a fheabhsú, chun comhthuiscint a fhorbairt ar na dúshláin atá romhainn agus chun freagairtí iomchuí a fhorbairt go comhpháirteach. Agus muid ag dul ar aghaidh leis na measúnuithe riosca leanúnacha, beidh gá lena dtorthaí a chomhtháthú sna bearta maolúcháin a dhéanfaimid.

Ar an gcéad dul síos, bainfidh mé an leas is fearr is féidir as an mbeartas trádála chun ár gcuspóirí **comhpháirtíochta** a bhaint amach, rud a thagann le ról cumasúcháin an bheartais i leith an bheartais eacnamaíoch eachtraigh nua, iomaíochas agus rathúnas an Aontais agus lena ról mar uirlis gheostraitéiseach. Ciallaíonn sé sin líonra na gcomhaontuithe atá againn faoi láthair a dhoimhniú agus a neartú agus ár dtairiscint a leathnú amach le cineálacha nua comhpháirtíochtaí. Cuideoidh na **Comhpháirtíochtaí nua um Thrádáil agus Infheistíocht Ghlan** le soláthar na n-amhábhar, an fhuinnimh ghlan agus na teicneolaíochtaí glana a dhaingniú, agus iad ag tacú le forbairt ár gcomhpháirtithe trí infheistíocht fheabhsaithe agus trína áirithiú go bhféadann táirgí teicneolaíochta glaine, fuinneamh glan agus amhábhair sreabhadh gan bhac thar teorainneacha. Chun ár dtairiscint a dhéanamh chomh tarraingteach agus chomh iomaíoch agus is féidir, beidh cur chuige uile-Choimisiúin de dhíth, a

thabharfaidh le chéile maoiniú (faoin Global Gateway freisin), rialacha (ionas go n-áiritheofar tuilleadh cobhsaíochta le haghaidh infheisteoirí agus slabhraí soláthair) agus comhar rialála (chun tacú lenár gcomhpháirtithe agus iad ag dul in oiriúint dár gceanglais rialála). Lenár gComhpháirtíochtaí um Thrádáil agus Infheistíocht Ghlan, leanfar cur chuige nua solúbtha ó thaobh a n-inneachair agus a bhformáide araon, agus aird á tabhairt ar na leasanna agus na seasaimh ar thaobh an tríú tír. Táim réidh le dul i dteagmháil leis an bParlaimint ó thús go deireadh an phróisis sin.

Má dheimhnítear m'ainmniúchán, tabharfaidh mé aird ar leith ar méid is féidir linn a bhaint amach lenár gcomhaontuithe trádála ó thaobh **éagsúlaithe, dí-rioscaithe agus athléimneachta** de agus cineálacha eile rannpháirtíochta lenár gcomhpháirtithe. Cuimseoidh an méid sin**caighdeáin slándála eacnamaíche a fhorbairt do na príomhshlabhraí soláthair** lenár gcomhpháirtithe G7 agus le comhpháirtithe eile atá ar aon intinn linn, rud a d'fhéadfadh tacú le soláthairtí cobhsaí amhábhar criticiúil a fhorbairt, idir eile. **Cuirfear leis an idirphlé** le comhpháirtithe freisin chun teacht ar thuiscint níos fearr ar na rioscaí atá romhainn, agus chun dea-chleachtais a mhalartú maidir le bearta maolúcháin féideartha. Agus mé ag baint leas as líonra na Comhaontuithe Trádála Digití, fiosróidh mé na féidearthachtaí naisc níos láidre agus níos tairbhiúla a fhorbairt lenár gcomhpháirtithe is dlúithe agus atá ar aon intinn linn, chun spás riailbhunaithe a chruthú le haghaidh Saorshreabhadh Sonraí lena ghabhann Iontaoibh agus chun cabhrú lenár gcuideachtaí a rochtain ar shonraí a éagsúlú.

Ar an dara dul síos, cinnteoidh mé go n-úsáidfí go teanntásach na huirlisí atá againn chun leasanna slándála eacnamaíche an Aontais a chosaint ar bhealach spriocdhírithe comhréireach. Cé go bhfuil réimse leathan uirlisí ar fáil don Aontas, agus gan ach tús curtha le húsáid cuid acu, is é an dúshlán a bheidh ann don sainordú atá le teacht a áirithiú go mbainfear úsáid chomhleanúnach chomhordaithe astu chun cuspóirí an Aontais a shaothrú ar an mbealach is fearr i ndáil lena chomhpháirtithe trádála. Beidh sé sin ina ghné lárnach de **dhúnghaois** nua **maidir leis an tslándáil eacnamaíoch** a bheidh bunaithe ar chomhthuiscint le Parlaimint na hEorpa agus leis na Ballstáit agus feidhmeoidh sé chun díspreagadh a fheabhsú agus ar an gcaoi sin cosnóidh sé gnólachtaí an Aontais atá faoi thionchar níos mó agus níos mó ag bearta a ghlacann tríú tíortha.

Ar an tríú dul síos, tá rún agam leanúint de na hiarrachtaí atá ar siúl chun **sraith uirlisí an Aontais** a neartú. Táim ag tnúth le hoibriú le Parlaimint na hEorpa agus leis an gComhairle chun teacht ar chomhaontú tapa chun **Rialachán an Aontais maidir le hInfheistíocht Dhíreach Choigríche** a thabhairt cothrom le dáta. Déanfaidh mé an plé leis an bParlaimint agus leis na Ballstáit a dhoimhniú chun ár gcur chuige i leith **rialuithe onnmhairí dé-úsáide** a neartú. Ina theannta sin, tá sé i gceist agam meastóireacht a dhéanamh in 2025 ar éifeacht an chreata rialála maidir le rialuithe onnmhairiúcháin atá ann cheana i gcomhréir leis na prionsabail maidir le Rialáil Níos Fearr agus leis na céimeanna nós imeachta is gá. Ó thaobh **infheistíochtaí amach**, féachfaidh mé, i gcomhar leis na Ballstáit agus le gnólachtaí, le tuiscint níos doimhne agus níos fearr a fháil ar na rioscaí atá romhainn, trí idirbhearta atá á ndéanamh in earnálacha áirithe a athbhreithniú agus a mheasúnú go córasach. Ar an mbonn sin, breathnóidh mé ar fhreagairtí beartais breise in idirphlé le Parlaimint na hEorpa agus leis na Ballstáit.

Ar deireadh, i bhfianaise chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, táim lántiomanta i gcónaí tacú le forbairt ár g**caidrimh dhéthaobhaigh leis an Úcráin** agus le húsáid leanúnach éifeachtach **smachtbhannaí trádála agus eacnamaíocha i gcoinne na Rúise**, mar shampla cosc a chur ar dhul timpeall ar na smachtbhannaí sin, i gcomhar le comhaltaí eile an Choláiste agus le Toscaire Smachtbhannaí an Aontais.

Leanfaidh mé de bheith ag obair chun **tacú leis an Úcráin** mar shampla trí Limistéar Domhain Cuimsitheach Saorthrádála agus cúnamh airgeadais an Aontais a ghiaráil chun comhtháthú na hÚcráine i margadh inmheánach a chothú de réir a chéile roimh an aontachas. Ina theannta sin, cuirfidh mé – i ndlúthchomhar leis an gCoimisinéir um Thalmhaíocht – léirscaoileadh trádála breise atá buan agus cómhalartach, mar a fhoráiltear faoin limistéar domhain cuimsitheach saorthrádála, in ionad ár mBeart Trádála Uathrialach sealadach ar dhul in éag dóibh i mí an Mheithimh 2025. Beidh sé mar chuspóir aige sin rochtain fhiúntach ar an margadh a choinneáil ar bhonn buan do tháirgí na hÚcráine, rud atá nasctha lena gcomhlíontacht de réir a chéile le caighdeáin ábhartha an Aontais, agus feabhas a chur ar rochtain ar mhargadh na hÚcráine do tháirgí talmhaíochta Eorpacha, agus freastal ag an am céanna ar íogaireachtaí earnáil talmhaíochta an Aontais.

I gcomhthéacs bheartas **smachtbhannaí** foriomlán an Aontais, leanfaidh mé de dhearadh éifeachtach smachtbhannaí trádála a áirithiú, smachtbhannaí a chuimsíonn srianta ar allmhairiú agus onnmhairiú a chumhdaíonn ítimí dé-úsáide, eintitis sa Rúis agus i dtríú tíortha, earraí tionsclaíocha agus soláthar seirbhísí gnó.. Rannchuideoidh mé le smachtbhannaí a chur chun feidhme agus le himchéimniú a chosc trí dhul i dteagmháil le tionscal an Aontais agus le tríú tíortha agus bearta rialála breise a mholadh. San áireamh leis sin, beidh obair le húdaráis chustaim, a bhfuil ról ríthábhachtach acu maidir le trádáil earraí a bhrath agus a rialú (códú sa Chóras Bainistíochta Taraife Custaim) agus maidir le rioscaí féideartha imchéimnithe a shainaithint. Oibreoidh mé chun

a áirithiú go leanfaidh na húdaráis chustaim dá róil anailíseacha agus forfheidhmiúcháin agus go dtreiseoidh siad iad.

**5. Cur chun feidhme, forfheidhmiú agus cumarsáid**

*D'fhéadfadh brú siar, go hinmheánach agus go seachtrach araon, i gcoinne an Aontais agus a bheartais trádála a bheith mar thoradh ar bheartas maith a chuirtear chun feidhme, a fhorfheidhmítear agus a chuirtear in iúl go dona. Chun rath CCP a áirithiú:*

- *Conas a áiritheoidh tú go mbeidh beartais trádála agus slándála eacnamaíche i gcroílár do róil mar Choimisinéir, i bhfianaise do shainchúraimí dúbailte freisin? Conas a chuirfidh tú deireadh leis na bacainní ina bhfeidhmíonn CCP agus beartais inmheánacha agus sheachtracha eile de chuid an Aontais, chomh maith le bacainní Ard-Stiúrthóireacht na Trádála agus codanna eile den Choimisiún agus de SEGS?*
- *Conas a chothóidh tú comhar, úinéireacht agus glacadh ag cuideachtaí agus ag tíortha nach bhfuil san Aontas, go háirithe maidir le SCCT, EUDR, CSDDD, an Rialachán maidir le Saothar Éigeantach, CTA athbhreithnithe chomh maith leis an rialachán maidir le pacáistíocht agus dramhaíl ó phacáistíocht? Conas a chuideoidh tú lena áirithiú go gcuirfear na hionstraimí nua sin go léir i bhfeidhm go hiomlán agus go comhsheasmhach agus go gcuirfear gnéithe trádála ár reachtaíochta inmheánaí san áireamh go leordhóthanach nuair a bheidh ionstraimí á gceapadh, á gcur chun feidhme agus á n-athbhreithniú? Cad iad na bearta a dhéanfaidh tú chun córas custaim an Aontais a dhéanamh níos éifeachtúla, agus ar an gcaoi sin rannchuidiú le cur chun feidhme éifeachtach roinnt ionstraimí is déanaí de chuid an Aontais a bhaineann le trádáil? Conas a áiritheoidh tú i gcónaí go mbeidh aon bhearta de chuid an Aontais a bheidh ann amach anseo comhoiriúnach le rialacha EDT?*
- *Cad iad na gníomhaíochtaí nithiúla a dhéanfaidh tú chun a áirithiú go ndéanfar beartas trádála an Aontais a chur in iúl agus a mhíniú ar bhealach níos fearr do pháirtithe leasmhara, don phobal i gcoitinne, d'institiúidí na mBallstát agus do thíortha nach bhfuil san Aontas, lena n-áirítear le tacaíocht ó ionadaíochtaí an Choimisiúin agus ó thoscaireachtaí an Aontais ar fud an domhain?*
- *Conas a neartóidh tú rannpháirtíocht FBManna sa mhargadh domhanda? Cén chaoi a bhfuil sé i gceist agat tacú le cuideachtaí, go háirithe FBManna, reachtaíocht nuaghlactha a chur chun feidhme agus é mar chuspóir an t-ualach rialála a mhaolú, nósanna imeachta a chuíchóiriú agus a áirithiú go mbainfidh siad tairbhe as rochtain mhéadaithe ar an margadh i gcomhaontuithe trádála? An áiritheoidh tú go mbeidh measúnú tionchair ag gabháil le gach mórthionscnamh a bhaineann le trádáil lena gcumhdófar freisin tionchar seachtrach bhearta féideartha an Aontais?*
- *Cén chaoi a bhfuil sé i gceist agat dul i dteagmháil le hionadaithe gnó, ceardchumainn agus eagraíochtaí neamhrialtasacha agus tuairimí na n-ionadaithe sin a chur san áireamh, lena n-áirítear trí Ghrúpaí Comhairleacha Baile a cuireadh ar bun chun comhairle a thabhairt maidir le cur chun feidhme chomhaontuithe trádála an Aontais?*

Táim cinnte go bhfuil na gnéithe éagsúla de mo chúram ag treisiú a chéile agus go gcuideoidh siad liom na tosaíochtaí uile a bhaint amach ar an gcaoi is éifeachtaí.

Tá an trádáil i gcroílár gheilleagar an Aontais agus is rud í **a chuireann ar ár gcumas dúinn** ár gcuspóirí iomaíochais, slándála agus inbhuanaitheachta a bhaint amach. Leis na sineirgí a chruthaítear tríd an mbeartas trádála a nascadh leis an tslándáil eacnamaíoch agus le custam, cuirfear go mór le cumas an Aontais dul i ngleic le dúshláin gheopholaitiúla agus gheo-eacnamaíocha an lae inniu. Má dheimhnítear m'ainmniúchán mar Choimisinéir, cuirfidh mé leasanna an Aontais chun cinn, ar bhonn malartuithe rialta le Parlaimint na hEorpa, na Ballstáit agus leis an tsochaí sibhialta. Oibreoidh mé i ndlúthchomhar le Coimisinéirí eile d'fhonn smaointeoireacht neamh-chomhtháite a sheachaint agus d'fhonn cur chun feidhme, forfheidhmiú agus cumarsáide éifeachtach a neartú.

Ar an gcéad dul síos, oibreoidh mé i ndlúthchomhar le Comhaltaí eile den Choláiste chun a áirithiú **go n-úsáidfí na huirlisí agus na beartais atá ar fáil dúinn ar bhealach comhleanúnach comhordaithe** chun leas an Aontais a shaothrú. Tá an cuspóir sin i gcroílár an **bheartais eacnamaíoch eachtraigh** nua, lena dtabharfar an tslándáil eacnamaíoch, an trádáil agus comhpháirtíochtaí le chéile. Toradh praiticiúil amháin ar an gcur chuige sin is ea na Comhpháirtíochtaí nua um Thrádáil agus Infheistíocht Ghlan, ar cheart iad a bheith deartha chun an obair neamh-chomhtháite a shárú agus tairiscint chomhtháite ón Aontas a chur ar fáil do thríú tíortha.

Ar an dara dul síos, ní mór don Aontas dul i ngleic ar bhealach níos éifeachtaí leis an gcáineadh a fuaireamar ónár gcomhpháirtithe ó thaobh **tionchar seachtrach roinnt dár reachtaíocht**. Ní mór tionchair sheachtracha a mheas ón tús nuair atá ár n-uirlisí á bhforbairt mar aon le bearta tacaíochta oiriúnacha bhreithniú i dteannta lena n-úsáid. I ndáil leis sin, oibreoidh mé i ndlúthchomhar leis an Ardionadaí/Leas-Uachtarán agus le Coimisinéirí eile chun nasc níos fearr a áirithiú idir beartais inmheánacha agus sheachtracha an Aontais (de mheon an *chomhtháthaithe beartas ar mhaithe le forbairt* dá bhforáiltear in Airteagal 208(1) CFAE), chun an tionchar atá againn a fheabhsú a thuilleadh agus chun aghaidh a thabhairt ar ábhair imní ár gcomhpháirtithe, lena n-áirítear tacú leo ina n-iarrachtaí comhlíontachta. Ní mór dár n-iarrachtaí leanúint de bheith ag áirithiú go bhfuil na bearta a dhéanaimid i gcomhréir lenár n-oibleagáidí idirnáisiúnta, agus iad siúd a eascraíonn as comhaontuithe EDT san áireamh. Má dhéanaimid na hiarrachtaí sin ar bhealach réamhghníomhach, cuirfidh sé bunús ar fáil sa deireadh le haghaidh teagmháil níos dlúithe lenár gcomhpháirtithe ó thaobh saincheisteanna trádála, athléimneachta agus inbhuanaitheachta de.

Ar an tríú dul síos, braithfidh rath ár mbeartas trádála agus slándála eacnamaíche ar **chur chun feidhme agus fhorfheidhmiú éifeachtach**. Ba é sin a bhí ag croílár straitéis trádála 2021 an Aontais – Beartas Trádála Oscailte, Inbhuanaithe agus Teanntásach. Má dheimhnítear m’ainmniúchán, geallaim go neartóidh mé na hiarrachtaí chun a áirithiú go mbainfidh gnólachtaí an Aontais tairbhe as ár gcomhaontuithe agus go gcosnófar iad ar chleachtais éagóracha a fhéachann le teacht i dtír ar ár n-oscailteacht. Cothóidh mé caidreamh le comhpháirtithe trádála an Aontais agus rachaidh mé i dteagmháil ghníomhach le mo chontrapháirtithe chun cur chun feidhme a éascú agus chun easaontais a réiteach chomh luath agus is féidir. Le bliana beaga anuas, d’fhorbraíomar sraith nua **ionstraimí beartais trádála** lena dtugtar aghaidh ar an trádáil éagórach, an tslándáil eacnamaíoch agus ábhair imní maidir le cómhalartacht agus inbhuanaitheacht. Tabharfaidh mé tús áite dá n-**úsáid láidir chomhleanúnach**, in éineacht le dul ar iontaoibh réiteach díospóidí, rud a bheidh ina chuid thábhachtach d’iarrachtaí cur chun feidhme an Aontais i gcónaí**.**
Cumhdaítear leis sin **córas custaim an Aontais**, agus a thimpeallacht dhigiteach, a dhéanamh níos éifeachtúla. Tá mé lántiomanta do bhailchríoch a chur ar dhigitiú Chód Custaim an Aontais agus ar an Ionad Ilfhreastail, ach níos tábhachtaí fós, an chaibidlíocht faoin b**Pacáiste um Athchóiriú Custaim** a thabhairt i gcrích go tráthúil. Le bunú **Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh** agus **Mhol Sonraí Custaim an Aontais Eorpaigh,** tabharfar an tAontas Custaim go dtí an chéad leibhéal eile. Is rud é a neartóidh an custam agus a chuirfidh ar a chumas don lucht custaim aghaidh a thabhairt ar dhúshláin atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo. Déanfaidh sé próisis chustaim a shimpliú agus an t-ualach riaracháin a laghdú i gcomhpháirtíocht nua leis an trádáil. Réabhlóid sonraí i réimse an chustaim a bheidh ann, rud a chuideoidh lena áirithiú go leanfaidh an Eoraip de bheith ina mhol trádála agus lóistíochta tarraingteach mar atá inniu. Déanfaidh mé meastóireacht freisin ar **rialacha tionscnaimh an Aontais** chomh maith leis an **scéim fionraíochtaí taraifí uathrialacha agus taraif-chuótaí**.

Beidh tábhacht ar leith ag baint le hiarrachtaí cur chun feidhme agus forfheidhmiúcháin a neartú dár **FBManna**. FBManna atá i 95 % d’onnmhaireoirí uile an Aontais, agus is iad is cúis le thart ar aon trian de luach onnmhairiúcháin an Aontais, ach is lú ná 5 % an méid FBManna de chuid an Aontais a onnmhairíonn go díreach chuig áiteanna lasmuigh den Aontas. Tá FBManna thíos leis an easpa trédhearcachta mar aon leis na nósanna imeachta riaracháin troma atá ann i dtríú tíortha toisc go bhfuil níos lú acmhainní acu le haghaidh idirnáisiúnú i gcomparáid leis na gnólachtaí móra. Tá sé i gceist agam leanúint de thosaíocht a thabhairt dá riachtanais, cuir i gcás trí chaibidlí dírithe ar FBManna i gcomhaontuithe trádála, trí rochtain a éascú ar fhaisnéis a theastaíonn ó FBManna chun trádáil go hidirnáisiúnta (is é an tairseach Access2Markets an phríomhuirlis i ndáil leis sin) agus trí bhacainní trádála a thagann FBManna orthu i dtríú tíortha a bhaint, lena n-áirítear na cinn a aistrítear tríd an bPointe Iontrála Aonair.

Ar deireadh, beidh rath ár mbeartas ag brath ar theagmháil leis an tsochaí shibhialta agus ar chumarsáid éifeachtach, lena mbainfear úsáid as líonra ionadaíochta an Choimisiúin sna Ballstáit agus i dtoscaireachtaí an Aontais ar fud an domhain. Tá taithí sheanbhunaithe léirithe ag an mbeartas trádála ó thaobh trédhearcachta agus idirphlé le páirtithe éagsúla. Má dheimhnítear m’ainmniúchán, tiomnóidh mé am agus iarracht chun malartuithe a dhoimhniú, agus chuige sin go háirithe beidh cruinnithe Idirphlé leis an tSochaí Shibhialta bliantúla. Agus is féidir an chéad cheann acu sin a thionól chomh luath agus is féidir sa sainordú nua. Tacóidh mé go mór freisin leis na Grúpaí Comhairleacha Baile maidir le comhaontuithe trádála a chur chun feidhme, i gcomhar le Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa.

<u>Ceisteanna ón gCoiste Um Ghnóthaí Bunreachtúla</u>

**6. Creat-chomhaontú agus athruithe ar na Conarthaí faoi Airteagal 48**

*Tá an Creat-Chomhaontú maidir leis an gcaidreamh idir Parlaimint na hEorpa agus an Coimisiún Eorpach i bhfeidhm le breis agus 13 bliana agus is gá forálacha áirithe a chur leis nó a choigeartú i bhfianaise forbairtí a rinneadh tar éis an athbhreithnithe dheireanaigh.*
*An bhféadfá a chur in iúl cé na gealltanais nithiúla atá tú toilteanach iad a thabhairt chun prionsabal na córa comhionainne a chur chun feidhme go hiomlán agus ról an Choimisiúin mar bhróicéir macánta i gcomhréir le hAirteagal 13(2) CAE, go háirithe maidir le cruinnithe tríthaobhacha, nósanna imeachta práinneacha, buiséad agus rochtain ar fhaisnéis agus ar chruinnithe saineolaithe? Cén chaoi a bhfuil sé i gceist agat freagracht pholaitiúil agus cuntasacht an Choimisiúin do Pharlaimint na hEorpa a neartú, go háirithe freagracht aonair gach Coimisinéara?*
*An féidir leat gealltanas a thabhairt go mbeidh úsáid Airteagal 122 CFAE agus dul i muinín nós imeachta práinne na Parlaiminte teoranta don mhéid atá fíor-riachtanach agus go mbeidh údar cuí leo ag míniú na gcúiseanna leis an mbunús dlí a roghnú, príomhchuspóirí agus príomhghnéithe an togra chomh maith leis na himpleachtaí buiséadacha a d'fhéadfadh a bheith ann ionas gur féidir leis an bParlaimint grinnscrúdú cuí a fheidhmiú? Cad iad na céimeanna a dhéanfar chun rochtain ar fhaisnéis a fheabhsú do Pharlaimint na hEorpa maidir le cruinnithe saineolaithe agus cinntí buiséadacha?*
*An ngeallfaidh tú go n-áiritheoidh tú go gcuirfear an Pharlaimint agus a coistí ábhartha ar an eolas láithreach agus go hiomlán, ar comhchéim leis an gComhairle, faoi gach gné de chomhaontuithe idirnáisiúnta, ag gach céim, ó na céimeanna ullmhúcháin is luaithe go dtí an cur chun feidhme, go háirithe trí rochtain iomlán agus luath ar théacsanna agus ar dhoiciméid chaibidlíochta agus go gcuirfear seasamh na Parlaiminte san áireamh go cuí agus na sainorduithe caibidlíochta á ndréachtú? Thairis sin, aon uair a dhéanann an Coimisiún comhaontú 'neamhcheangailteach' a chaibidliú, lena n-áirítear Meabhráin Tuisceana nó 'clubanna' le tríú tíortha, an ngeallfaidh tú go soláthróidh tú faisnéis iomlán agus láithreach don Pharlaimint agus go dtabharfar aird chuí ar thuairimí na Parlaiminte ina leith?*
*Thairis sin, le rúin uaithi an 9 Meitheamh 2022 agus an 22 Samhain 2023, vótáil Parlaimint na hEorpa chun Airteagal 48 a agairt agus tograí le haghaidh leasuithe ar an gConradh á dtíolacadh aici. Cén seasamh atá agat ar an ngá atá le creat Chonradh Liospóin a thabhairt cothrom le dáta? I bhfianaise na tacaíochta a chuir Uachtarán an Choimisiúin in iúl do leasuithe spriocdhírithe ar na Conarthaí, cá mhéad atá tú sásta do thacaíocht a thabhairt agus cad a dhéanfá go praiticiúil chun athrú ar na Conarthaí a chumasú? I bhfianaise thacaíocht léirithe Uachtarán an Choimisiúin do leasuithe spriocdhírithe ar na Conarthaí, cá mhéad atá tú sásta do thacaíocht a thabhairt, go háirithe don vótáil trí thromlach cáilithe sa Chomhairle freisin, lena n-áirítear an beartas eachtrach ach gan a bheith teoranta dó sin? Cad iad na forálacha den Chonradh a mheasann tú a bheith fíor-riachtanach a mhodhnú i gcumraíocht reatha an Aontais, agus cad iad na forálacha ba cheart iad a mhodhnú i bhfianaise an mhéadaithe? Cén chaoi a gcinnteofá gur saincheist chothrománach é aontachas AE agus próiseas athchóirithe féideartha AE á chur san áireamh, seachas mar shaincheist a fheictear go minic ó thaobh an bheartais eachtraigh de?*

I bhfianaise mo fhreagracht sheanbhunaithe as an gcaidreamh idirinstitiúideach, tá an-chur amach agam ar Chreat-Chomhaontú 2010 maidir leis an gcaidreamh idir Parlaimint na hEorpa agus an Coimisiún Eorpach, mar ba mhise a chaibidligh an comhad sin thar ceann an Choimisiúin.

Agus leas á bhaint agam as ár dtaithí chomhchoiteann le 14 bliana anuas agus i gcomhréir leis an Litir Mhisin a cuireadh chugam, táim tiomanta an obair ar athbhreithniú an Chreat-Chomhaontaithe a stiúradh. Ba cheart é a bheith d'aidhm ag an gcreat athnuaite dár gcaidreamh ár bhfreagracht chomhpháirteach agus ár n-idirphlé comhpháirteach a neartú, an sreabhadh faisnéise a mhéadú agus feabhas a chur ar an trédhearcacht. Sa phróiseas caibidlíochta, beidh mé sásta iarrataí na Parlaiminte a phlé agus beidh mé ag súil go mbeidh sé amhlaidh leis an bParlaimint maidir le hionchais dhlisteanacha an Choimisiúin. Sa chleachtadh sin, cuirfimid leis an measúnú comhpháirteach a rinne an Coimisiún agus an Pharlaimint níos luaithe i mbliana.

Le linn an phróisis athbhreithnithe, ba cheart dúinn aird a thabhairt ar shainchumais na Comhairle ós rud é nach féidir cuid de na saincheisteanna a phlé ach i bhformáid thríthaobhach. Ní féidir lenár gcóras idirinstitiúideach oibriú ach amháin má chaomhnaímid an chothromaíocht agus na sainchumais dá bhforáiltear sna Conarthaí.

Má dheimhnítear m'ainmniúchán, áiritheoidh mé go leanfaidh an Coimisiún de bheith ag gníomhú go hiomlán de réir dhualgas an chomhair dhílis sa chaibidlíocht idirinstitiúideach agus oibreoidh mé i gcás inar gá chun a áirithiú go gcaitear go comhionann leis an bParlaimint agus an Comhairle araon.

Sna cruinnithe tríthaobhacha, leanfaidh an Coimisiún le comhaontú idir na comhreachtóirí a éascú agus leanfaidh sé de lánurraim a thabhairt do shainchumais na Parlaiminte agus na Comhairle.

Cinnteoidh mé gur féidir leis an bParlaimint freastal ar gach cruinniú ábhartha de ghrúpaí saineolaithe ina bhfuil gníomhartha tarmligthe á bplé, agus sna cásanna sin, go mbeidh rochtain aici ar an bhfaisnéis chéanna a chuirfear chuig na húdaráis náisiúnta.

Maidir le cuntasacht pholaitiúil, foráiltear le hAirteagal 17(8) CAE go mbeidh an Coimisiún 'mar chomhlacht' freagrach do Pharlaimint na hEorpa. Dá bhrí sin, is léir ón gConradh go bhfuil freagracht chomhchoiteann ar an gCoimisiún i leith na Parlaiminte. I gcomhréir leis na Treoirlínte Polaitiúla, áiritheoidh mé go mbeidh Coimisinéirí i láthair go rialta sna coistí parlaiminteacha chun feabhas a chur ar shreabhadh na faisnéise sa dá threo, mar shampla le linn an idirphlé struchtúrtha rialta a chuireann le clár oibre bliantúil an Choimisiúin agus leis an bplé ar rúin na Parlaiminte faoi Airteagal 225 CFAE.

Thug an Coimisiún dá aire ábhair imní na Parlaiminte maidir le húsáid Airteagal 122 CFAE. Mar a luaigh an tUachtarán sna treoirlínte Polaitiúla, áiritheoimid nach n-úsáidfear Airteagal 122 CFAE ach amháin in imthosca eisceachtúla. Tá gealltanas tugtha ag an Uachtarán bonn cirt iomlán lena úsáid a thabhairt don Pharlaimint. Áiritheoidh mé go gcomhlíonfaidh Comhaltaí an Choláiste an gealltanas maidir le bonn cirt agus faisnéis chuimsitheach a sholáthar maidir leis na cásanna eisceachtúla ina bhfuil na tograí ón gCoimisiún bunaithe ar Airteagal 122 CFAE.

Tá sé léirithe agam cheana féin go bhfuil rún daingean agam an Pharlaimint a choinneáil ar an eolas go rialta i gcomhthéacs na caibidlíochta leis an Eilvéis agus leis an Ríocht Aontaithe.

Má dheimhnítear m'ainmniúchán, áiritheoidh mé go gcuirfear an Pharlaimint agus a coistí ar an eolas láithreach agus go hiomlán ag gach céim den nós imeachta maidir le comhaontuithe idirnáisiúnta a chaibidliú. Chuige sin, ní mór na socruithe is gá a dhéanamh lena n-áirithiú go gcaithfear go rúnda le faisnéis nuair is gá.

Maidir le saincheist na gcomhaontuithe neamhcheangailteacha, táim réidh le breathnú ar bhealaí chun a áirithiú go gcuirfear an Pharlaimint ar an eolas, ag an tráth iomchuí sa nós imeachta, agus lánurraim á tabhairt do shainchumais na Comhairle mar a dhearbhaíonn an Chúirt iad.

Tuigim go hiomlán go bhfuil saincheist an athraithe ar an gConradh go hard ar chlár oibre na Parlaiminte agus tacaím go hiomlán leis an ráiteas ón Uachtarán von der Leyen go bhfuil athrú ar an gconradh de dhíth orainn áit ar féidir leis feabhas a chur ar fheidhmiú ár nAontais. Leis an rún ón 22 Samhain 2023, chuir an Pharlaimint tús foirmiúil leis an bpróiseas um athbhreithniú ar an gConradh in Airteagal 48 CAE agus is féidir liom a dheimhniú go bhfuil an Coimisiún réidh chun a ról institiúideach a imirt sa nós imeachta a leagtar amach sa Chonradh, agus go háirithe chun a thuairim a thabhairt má théann agus nuair a théann an Chomhairle Eorpach i gcomhairle leis.

Is féidir rialachas an Aontais a fheabhsú go tapa trí leas iomlán a bhaint as acmhainneacht na gConarthaí atá ann faoi láthair, go háirithe maidir le feabhsú a dhéanamh ar chumas an Aontais gníomhú go tapa agus go héifeachtúil trí bhogadh ón aontoilíocht go vótáil trí thromlach cáilithe sa Chomhairle nuair is féidir.

Rinne an Coimisiún moltaí chun na 'clásail *passerelle*' a ghníomhachtú lena gceadófaí an t-aistriú ó vótáil aontoilíochta go vótáil trí thromlach cáilithe i gceithre Theachtaireacht in 2018 agus 2019, go háirithe i réimsí an fhuinnimh, an chánachais agus gnéithe tábhachtacha den Chomhbheartas Eachtrach agus Slándála. Níor thóg an Chomhairle aon cheann acu chun cinn. Ní mór dúinn bealaí a aimsiú le chéile chun aghaidh a thabhairt ar ábhair imní na mBallstát maidir leis an aistriú ó vótáil aontoilíochta go vótáil trí thromlach cáilithe. Tá mé lántiomanta leanúint de dhul i dteagmháil leis na Ballstáit chun an clár oibre sin a chur chun cinn ar mhaithe le cumas gníomhaithe na hEorpa a fheabhsú.

Réimse eile ina bhféadfaimis bogadh ó aontoilíocht go tromlach cáilithe, fiú gan na Conarthaí a leasú is ea an méadú. Mar a luadh sa Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le hathchóirithe réamh-mhéadaithe agus athbhreithnithe beartais, cé go bhfuil údar iomlán leis an ngá atá le haontoilíocht chun Ballstát nua a ligean isteach, d'fhéadfaí féachaint an bhféadfaí cumhacht a thabhairt don Chomhairle cinneadh a dhéanamh trí thromlach cáilithe le haghaidh céimeanna eatramhacha áirithe de phróiseas an mhéadaithe.

**7. Feabhas a chur ar an obair leantach a dhéantar ar thionscnaimh na Parlaiminte**

*Cén chaoi a n-áiritheofá go neartófaí ceart tionscnaimh na Parlaiminte faoi Airteagal 225 CFAE, go gcuirfí faisnéis mhionsonraithe ar fáil agus go ndéanfaí obair leantach shubstaintiúil, agus ní hamháin go gcomhlíonfaí spriocdhátaí foirmiúla le haghaidh freagraí? An bhféadfá a chur in iúl cé na gealltanais nithiúla eile atá tú toilteanach a dhéanamh chun ceart tionscnaimh na Parlaiminte a neartú - i dtéarmaí ginearálta nó i réimsí*

*beartais sonracha - go háirithe maidir le tograí chun an dlí atá ann cheana a leasú nó a chúlghairm agus comhaontú idirinstitiúideach nua idir na trí institiúid atá tiomanta do nósanna imeachta a bhaineann le comhdhéanamh na Parlaiminte féin, toghadh a Feisirí agus a Reacht, chomh maith le ceart fiosrúcháin na Parlaiminte lena seachnófaí go mbeadh comhaid á mblocáil sna hinstitiúidí? Go háirithe, cad atá tú toilteanach a dhéanamh chun tacú leis an gcaibidlíocht laistigh den Chomhairle maidir leis an togra ón bParlaimint le haghaidh athchóiriú ar Dhlí Toghcháin Eorpach mhí na Bealtaine 2022? Cén chaoi a bhfuil sé beartaithe agat dul i dteagmháil leis na Ballstáit chun an próiseas sin a éascú?*
*Ós rud é go bhfuil cleachtas forbartha ag parlaimintí náisiúnta maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar chomhréireacht thionscnaimh reachtacha AE, mar aon leis an athbhreithniú ar choimhdeacht a cheadaítear faoi láthair faoi Phrótacal II de Chonradh Liospóin, an measfá go bhfuil gá ann le hathchóiriú a dhéanamh ar an gcóras reatha sa chaoi is gur féidir bealach níos éifeachtaí a cheadú do pharlaimintí náisiúnta chun dul i ngleic leis an nós imeachta reachtach (AE)?*

Ó thaobh an Choimisiúin de, is féidir linn breathnú siar ar thréimhse rathúil sa sainordú deireanach:

Sna Treoirlínte Polaitiúla 2019 uaithi, gheall an tUachtarán von der Leyen cheana féin an chomhpháirtíocht idir an Coimisiún agus an Pharlaimint a neartú. Gheall sí go bhfreagróidh an Coimisiún do rúin ó Pharlaimint na hEorpa faoi Airteagal 225 CFAE le tograí reachtacha agus lánurraim á tabhairt do phrionsabail na comhréireachta, na coimhdeachta agus na reachtóireachta níos fearr.

Chomhlíon an Coimisiún an gealltanas sin agus creidim nach gá aon rud eile a rá faoi na figiúirí. sa sainordú reatha, thug an Coimisiún freagairt dhearfach ar 24 as 25 rún faoi Airteagal 225 CFAE trí thograí reachtacha a chur síos, gealltanas a thabhairt i leith na tograí sin a dhéanamh, nó gealltanas a thabhairt measúnú breise a dhéanamh ar an gcaoi le hiarraidh na Parlaiminte a thabhairt ar aghaidh. Ba é an t-aon eisceacht amháin rún amháin maidir le pleanáil theagmhasach an Chreata Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) ó mhí na Bealtaine 2020. Níor ghá dúinn obair leantach a dhéanamh ar an rún sin ón bParlaimint toisc gur éirigh linn teacht ar chomhaontú maidir leis an athbhreithniú ar CAI go luath ina dhiaidh sin.

De réir ár ngealltanas, ghlac an Coimisiún 40 togra reachtach cheana féin mar fhreagairt ar rúin ó Pharlaimint na hEorpa faoi Airteagal 225. Tá togra amháin eile á ullmhú agus táthar ag súil go nglacfar é go luath an bhliain seo chugainn. Gach tionscnamh a d’eascraigh as tionscnaimh Airteagal 225 CFAE, marcáladh amhlaidh iad i gClár Oibre bliantúil an Choimisiúin.

Chun ár gcomhar leis an bParlaimint maidir le hAirteagal 225 CFAE a neartú a thuilleadh, tá gealltanas tugtha ag an Uachtarán sna Treoirlínte Polaitiúla 2024 uaithi a iarraidh ar Choimisinéirí páirt a ghlacadh in idirphlé struchtúrtha le coistí parlaiminteacha maidir le Rúin faoi Airteagal 225 CFAE.

Má dheimhnítear m’ainmniúchán mar Choimisinéir, leanfaidh mé de bheith ag obair i ndlúthchomhar le Comhaltaí an Choláiste chun a áirithiú go gcomhlíonann an Coimisiún an gealltanas sin. Leanfaidh mé freisin d’fhaireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme fhreagairtí an Choimisiúin ar rúin ón bParlaimint agus beidh mé ar fáil chun obair leantach an Choimisiúin a phlé go rialta le linn an idirphlé struchtúrtha le AFCO.

Thug mé go maith do m’aire an t-éileamh maidir leis an tiomantas sin de chuid Uachtarán an Choimisiúin a léiriú sa Chreat-Chomhaontú. Ní mór é sin a bheith faoi réir caibidlíochta leis an bParlaimint chun bealaí a aimsiú chun an chothromaíocht idirinstitiúideach a urramú.

Tacaím go hiomlán leis an iarraidh ón bParlaimint go mbeadh comhar rianúil ann idir na hinstitiúidí maidir le comhaid faoi nósanna imeachta reachtacha speisialta agus aontaím le tuairim na Parlaiminte nach mór do gach institiúid a n-oibleagáidí faoi na Conarthaí a chomhlíonadh. Is díol sásaimh dom gur tugadh an nós imeachta reachtach speisialta maidir le comhdhéanamh Pharlaimint na hEorpa do thoghcháin 2024 chun críche go rathúil le linn an tsainorduithe reatha.

Maidir leis an togra ón bParlaimint le haghaidh athchóiriú ar an dlí Toghcháin, cé nach bhfuil ról foirmiúil ag an gCoimisiún sa nós imeachta reachtach speisialta a leagtar amach in Airteagal 223 CFAE, leanfaidh mé, faoi threoir an Choimisinéara ainmnithe atá freagrach as an gcomhad, de thacaíocht a thabhairt don Pharlaimint agus don Chomhairle chun teacht ar chur chuige inoibrithe i leith plé ar an togra seo a chur chun cinn.

Tá ról nach beag ag na Parlaimintí Náisiúnta ó thaobh cheapadh beartas agus dhea-fheidhmiú an Aontais. Is minic a dhéanann siad athbhreithniú ar thionscnaimh reachtacha an Choimisiúin, ní hamháin maidir lena gcomhlíontacht le prionsabal na coimhdeachta, mar a shonraítear i gConradh Liospóin, ach maidir le prionsabal na comhréireachta

freisin. Maidir le prionsabal na comhréireachta, cuireann siad aiseolas luachmhar ar fáil trí thuairimí i scríbhinn faoin 'idirphlé polaitiúil' leis an gCoimisiún agus i dteagmhálacha díreacha leis an gCoimisiún agus le hinstitiúidí eile an Aontais. Tugann an Coimisiún freagra ar gach tuairim ó na Parlaimintí náisiúnta. Dá bhrí sin, cé nach bhfeicim go bhfuil gá le nósanna imeachta riaracháin nua nó le hathrú ar an gConradh i ndáil leis sin, táim réidh chun a fhiosrú i dteannta na bParlaimintí náisiúnta, cén chaoi is féidir a n-ionchur réamhghníomhach spriocdhírithe a éascú ar gach tionscnamh de chuid an Choimisiúin.

**8. Ceart fiosrúcháin PE**

*Cad iad na huirlisí is dóigh leat atá fíor-riachtanach le haghaidh ceart fiosrúcháin fóinteach don Pharlaimint? Ar cheart don Chomhairle diúltú don chaibidlíocht ar cuireadh stop léi a athsheoladh agus ós rud é nach bhfuil ordú sonrach ann chun toiliú ón gComhairle nó ón gCoimisiún a sholáthar, an féidir leat gealltanas a thabhairt caibidlíocht reachtach dhéthaobhach a thionscnamh leis an bParlaimint maidir le Rialachán nua maidir lena cumhachtaí fiosrúcháin, i gcomhréir leis an oibleagáid a chumhdaítear in Airteagal 226 CFAE? Ag an am céanna, an rachaidh tú i dteagmháil leis na Ballstáit chun a dtacaíocht a spreagadh chun an ceart fiosrúcháin a chur chun cinn?*
*Thairis sin, i gcás ina leanfaidh an Chomhairle de dhiúltú dul i mbun caibidlíocht reachtach leis an bParlaimint agus leis an gCoimisiún maidir leis an gCeart Fiosrúcháin, agus má chinneann an Pharlaimint Airteagal 265 CFAE a chur i bhfeidhm, an molfá do Choláiste na gCoimisinéirí caingean a thabhairt os comhair Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh mar gheall ar mhainneachtain gníomhú ag an gComhairle?*

D'aithin an Coimisiún agus mé féin go pearsanta i gcónaí an tábhacht a bhaineann le ceart fiosrúcháin Pharlaimint na hEorpa agus chomhoibríomar leis na coistí fiosrúcháin i gcomhréir iomlán leis na Conarthaí agus bunaithe ar Chinneadh 95/167/CE maidir leis na forálacha mionsonraithe lena rialaítear feidhmiú cheart fiosrúcháin na Parlaiminte.

Tacaím go hiomlán leis an bParlaimint agus é ar intinn aici an Cinneadh sin a nuachóiriú, rud a éilíonn toiliú ón gComhairle agus ón gCoimisiún araon.

Má dheimhnítear m'ainmniúchán, leanfaidh mé de bheith ag tacú leis an bParlaimint agus leis an gComhairle réitigh a aimsiú chun deireadh a chur leis an mbac ar an bpróiseas nuachóirithe trí úsáid a bhaint as na bealaí idirinstitiúideacha ar fad atá ar fáil chomh maith le gníomhaíochtaí for-rochtana agus comhairliúchán neamhfhoirmiúil. Tá mé réidh le dul i dteagmháil leis an rapóirtéir agus leis an gcoiste ábhartha agus bealaí nua chun cinn a phlé leo.

Má dheimhnítear m'ainmniúchán, treiseoidh mé m'iarrachtaí teacht ar chomhthuiscint pholaitiúil idir an Pharlaimint agus an Chomhairle, rud a bhféadfadh an Coimisiún a thacú leis.

Ceisteanna ón gCoiste Um Ghnóthaí Eachtracha

*9. Leagtar amach sna Treoirlínte Polaitiúla don chéad Choimisiún Eorpach eile 2024-2029, inter alia, nach mór beartas nua eachtrach agus slándála an Aontais a cheapadh agus aird á tabhairt ar an réaltacht dhomhanda atá ann faoi láthair. Ina theannta sin, sonraítear i do litir mhisin go n-oibreoidh tú chun ár gcomhpháirtíochtaí ar fud an domhain a bhainistiú agus a dhoimhniú, go háirithe chun an obair ar an gcaidreamh leis an Ríocht Aontaithe, leis an Eilvéis agus le comhpháirtithe eile in Iarthar na hEorpa a stiúradh. Gan dochar do phróisis chinnteoireachta an Choimisiúin, cad iad na tosaíochtaí agus na cuspóirí/spriocanna nithiúla a bheadh agat sa ghearrthéarma, sa mheántéarma agus san fhadtéarma ar feadh thréimhse do shainordaithe maidir leis an méid seo a leanas:*
- *an caidreamh leis an Ríocht Aontaithe a neartú maidir le saincheisteanna comhleasa, agus an leibhéal céanna gealltanas a léiriú agus a thug an tUachtarán von der Leyen sa Seisiún Iomlánach an 27 Aibreán 2021 i ndáil leis an ngrinnscrúdú parlaiminteach ar chur chun feidhme na gComhaontuithe idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe? Go háirithe, maidir le hullmhú don athbhreithniú ar an gComhaontú Trádála agus Comhair agus an Pharlaimint a chomhlachú go hiomlán leis an bpróiseas, agus bailchríoch a chur ar an gcomhaontú idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe i ndáil le Giobráltar?*
- *dul chun cinn a dhéanamh sa chaibidlíocht leis an Eilvéis chun caidreamh nuachóirithe a dhaingniú bunaithe ar chomhaontú pacáiste lena gcruthófar cobhsaíocht, muinín agus cothrom iomaíochta?*
- *a áirithiú go gcuirtear an Pharlaimint ar an eolas láithreach agus go hiomlán faoi ghníomhaíochtaí comhlachtaí éagsúla faoi Chomhaontú nó faoi Chomhaontuithe a bheidh ann amach anseo le comhpháirtithe in Iarthar na hEorpa laistigh de do réimse freagrachta, lena n-áirítear faisnéisiú roimh a gcruinnithe agus ina ndiaidh chomh maith leis na doiciméid uile a bhaineann leis na comhchomhlachtaí sin a chomhroinnt ag an am céanna a chomhroinneann an Coimisiún leis an gComhairle iad; go bhfuil an Pharlaimint rannpháirteach de réir mar is iomchuí agus is gá nuair a ghlactar cinntí tábhachtacha faoi Chomhaontú (leasú, foirceannadh, etc.), lena n-áirítear a barúlacha féideartha a chur san áireamh nó míniú a thabhairt ar na cúiseanna gan é sin a dhéanamh; agus go gcuirtear Parlaimint na hEorpa ar an eolas go leordhóthanach roimh ré maidir leis an rún atá ag an gCoimisiún cinntí nua a mholadh a bhaineann le cur chun feidhme Comhaontaithe?*

An caidreamh a neartú idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe i gcomhréir le Treoirlínte Polaitiúla 2024-2029 ón Uachtarán von der Leyen, sin ceann de na príomhchuspóirí a bheidh ann le linn mo shainordaithe. Cumhdaíonn sé sin a áirithiú go gcuirfear na comhaontuithe atá ann cheana chun feidhme ina n-iomláine, chomh maith leis an gcaidreamh leis an Ríocht Aontaithe a neartú maidir le saincheisteanna comhleasa.

Go sonrach:

- Is iad an **Comhaontú um Tharraingt Siar**, agus **Creat Windsor** freisin, agus an **Comhaontú Trádála agus Comhair** bunchloch an chaidrimh idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe. Ní mór na comhaontuithe sin a chur chun feidhme go hiomlán, go dílis agus go tráthúil.
- Leis an **gComhaontú Trádála agus Comhair,** soláthraítear cothromaíocht mhaith idir cearta agus oibleagáidí don dá Pháirtí agus línte dearga na Ríochta Aontaithe á gcur san áireamh (gan Margadh Aonair, gan Aontas Custaim, gan saorghluaiseacht a bheith ann). Oibreoidh mé chun leas breise a bhaint as acmhainneacht an chomhaontaithe seo.
- Beidh **an tslándáil agus an athléimneacht** ina gcolún tábhachtach ar ár gclár oibre nua leis an Ríocht Aontaithe. Tá dúshláin gheopholaitiúla nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo roimh an Eoraip agus a comharsanacht agus is léir go bhfuil gá le comhar níos doimhne sa réimse sin. Is fíor sin don chomhar maidir le slándáil agus cosaint, ach freisin, ar bhonn níos ginearálta, don athléimneacht i leith géarchéimeanna geopholaitiúla. Oibreoidh mé le hArdionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála agus leis an Leas-Uachtarán um Eoraip níos láidre sa Domhan ar na saincheisteanna sin.
- Beidh teagmhálacha **duine le duine** ina gcuid riachtanach de chaidreamh neartaithe. Ciallaíonn sé sin gur cheart go mbeadh gach saoránach in ann leas a bhaint as a gcearta iomlána faoin gComhaontú um Tharraingt Siar, sa Ríocht Aontaithe agus san Aontas, anois agus amach anseo. Tionscnamh amháin a d'fhéadfaí a fhiosrú sa réimse sin is ea '**scéim taithí don aos óg**' idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe.
- Cuirfidh mé ár gcomhar chun cinn maidir **lenár bpláinéad agus a acmhainní a chosaint**, lena n-áirítear **iascach inbhuanaithe, an aeráid agus fuinneamh**. Ní mór dúinn rochtain leanúnach ar uiscí na Ríochta Aontaithe a áirithiú do chabhlaigh iascaireachta an Aontais. Maidir le fuinneamh, stiúrfaidh mé na hiarrachtaí chun leas iomlán a bhaint as acmhainneacht an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair, agus san áireamh leis sin beidh an comhar maidir le slándáil an tsoláthair a dhoimhniú, agus obair ar shocruithe trádála leictreachais a chur chun feidhme.
- Ó mhí Dheireadh Fómhair 2021, rinneadh iarrachtaí suntasacha leis an gcaibidlíocht le haghaidh comhaontú idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe maidir le **Giobráltar,** arb é is aidhm dó deireadh a chur le seiceálacha agus rialuithe ar dhaoine agus ar earraí ar mhaithe leis an réigiún ar fad. Leanfaidh mé leis na hiarrachtaí chun an chaibidlíocht sin a thabhairt chun críche.

Maidir leis na saincheisteanna sin go léir, oibreoidh mé i ndlúthchomhar le Parlaimint na hEorpa de mheon na trédhearcachta, na muiníne agus chaomhnú aontacht an Aontais.

Tá ár gcaidreamh leis **an Eilvéis** dírithe ar phacáiste leathan comhaontuithe a thabhairt i gcrích. Is é an aidhm atá againn an chaibidlíocht a thabhairt chun críche faoi dheireadh na bliana seo agus oibriú ina dhiaidh sin i dtreo an pacáiste a shíniú, a thabhairt i gcrích agus a thabhairt i bhfeidhm. Cuirfidh sé sin ar ár gcumas ár gcomhar leis an ndlúthpháirtí sin atá ar aon intinn linn a nuachóiriú, a chothromú agus a dhoimhniú. Na rialacha lena rialaítear rannpháirtíocht na hEilvéise i Margadh Aonair an Aontais, ní mór do na nithe seo a leanas a bheith áirithe leo: deimhneacht dhlíthiúil, intuarthacht dhlíthiúil, chomh maith le cothroime agus cothrom iomaíochta d'ár saoránaigh agus d'ár ngnólachtaí.

Tá an caidreamh leis an Eilvéis á threorú ag na prionsabail chéanna a chuirtear i bhfeidhm maidir lenár gComhpháirtithe uile in Iarthar na hEorpa: sláine an mhargaidh inmheánaigh agus neamhspleáchas chinnteoireacht an Aontais a chosaint agus cothromaíocht chuí idir cearta agus oibleagáidí a áirithiú.

Le linn an téarma pharlaimintigh roimhe seo, thug mé aird ar leith ar an bParlaimint a chur go hiomlán ar an eolas, faisnéis agus tuairiscí cuimsitheacha a thabhairt di, agus páirt a thabhairt di i ngach ábhar a bhaineann le Comhpháirtithe Iarthar na hEorpa. Tá rún agam leanúint lenár ndlúthchomhar.

Mar shampla, i ndáil le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair – an comhaontú is cuimsithí dá leithéid a tugadh i gcrích le tríú tír – leanfaidh mé de chur i feidhm na ngealltanas a thug an Coimisiún nuair a daingníodh an Comhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe in 2021, amhail na gealltanais maidir le faisnéis a chomhroinnt leis an bParlaimint.

Ceisteanna ón gCoiste um Fhorbairt

*10. Ciallaíonn an nasc trádála agus forbartha, inter alia, go bhfuil an trádáil ar cheann de na huirlisí is tábhachtaí chun cabhrú le tíortha comhpháirtíochta agus iad ag iarraidh forbairt inbhuanaithe a bhaint amach. Conas a áiritheoidh tú go rannchuideoidh trádáil an Aontais le tíortha atá i mbéal forbartha leis an sprioc sin, i gcomhthéacs fócas neartaithe ar leasanna eacnamaíocha agus ar shlándáil eacnamaíoch an Aontais féin, chun staid a rachaidh chun tairbhe don dá thaobh a bhaint amach? Sa chomhthéacs sin, tá sé i gceist leis an ionstraim um Scéim na bhFabhar Ginearálaithe Plus (GSP) dreasacht speisialta trádála a thabhairt do thíortha i mbéal forbartha chun forbairt inbhuanaithe agus dea-rialachas a shaothrú, ach is cosúil go bhfuil líon na dtíortha a bhaineann úsáid as an bhféidearthacht sin sách teoranta go dtí seo. Cad iad na pleananna, más ann dóibh, chun go n-oibreoidh an dreasacht seo níos fearr? Ar an gcaoi chéanna, is beag tóir a bhí ar Chomhaontuithe Comhpháirtíochta Eacnamaíche (CCEnna) i measc tíortha comhpháirtíochta go dtí seo, ar eagla go bhféadfaidís brú a chur ar thionscail atá iomaíoch ó thaobh allmhairí de. Cáintear CCEnna freisin as a bheith róchúng chun forbairt inbhuanaithe a chothú (gan trádáil i seirbhísí, infheistíocht, soláthar poiblí, iomaíocht, trádáil dhigiteach, ná athrú aeráide a chumhdach). Cén chaoi a bhfuil sé beartaithe agat a áirithiú go mbeidh CCEnna níos cuimsithí agus go mbeidh siad níos tarraingtí do thíortha comhpháirtíochta?*

Tá an trádáil idirnáisiúnta tar éis aghaidh an gheilleagair dhomhanda a athrú trí thíortha atá i mbéal forbartha a chomhtháthú i slabhraí luacha réigiúnacha agus domhanda, trí bhorradh a chur faoina n-acmhainneachtaí táirgeachta agus trí rathúnas a muintire a fheabhsú. Tríd an méid sin a dhéanamh, tá an trádáil anois ar cheann de na huirlisí is tábhachtaí chun cabhrú le tíortha comhpháirtíochta agus iad ag dul i dtreo na forbartha inbhuanaithe. Cé go bhféadfadh tionchar a bheith ag an iomaíocht gheopholaitiúil agus gheo-eacnamaíoch ar ghnéithe áirithe den trádáil idirnáisiúnta, ní athraíonn siad an chaoi **a dtéann comhpháirtíochtaí an Aontais chun tairbhe do chách** agus dár leasanna maidir le **leanúint de na naisc le tíortha atá i mbéal forbartha a dhoimhniú**.

Ar an gcéad dul síos, cé go dtugann tAontas aird nach beag ar a **iomaíochas** agus a **shlándáil eacnamaíoch** féin, tá na nithe sin nasctha go dlúth le comhphairtíochtaí níos dlúithe a fhorbairt, go háirithe leis an Domhan Theas. Léiríonn **comhpháirtíochtaí** den sórt sin ár gcomhleas i leith slabhraí soláthair a éagsúlú, soláthar na n-ionchur criticiúil is gá don aistriú glas agus don aistriú digiteach a neartú, agus infheistíocht agus tionsclú glas a chothú. Feictear na cuspóirí sin i gclár oibre an Aontais don trádáil dhéthaobhach agus tá siad ag croílár tionscnamh nua amhail na **Comhpháirtíochtaí um Thrádáil agus Infheistíocht Ghlan**. Tacóidh comhpháirtíochtaí den sórt sin le hinfheistíochtaí i slabhraí soláthair glana straitéiseacha áirithe i dtríú tíortha, treiseoidh siad inbhuanaitheacht, breisiú luacha agus geilleagair ár gcomhpháirtithe agus áiritheoidh siad go bhféadfaidh táirgí teicneolaíochta glaine, fuinneamh glan agus amhábhair sreabhadh thar theorainneacha gan bhac. Agus an méid sin á dhéanamh acu, sáróidh siad na srianta a bhain leis an gcur chuige a bhí ann roimhe seo. Má dheimhnítear m’ainmniúchán mar Choimisinéir, oibreoidh mé chun cur le comhpháirtíochtaí an Aontais le tíortha i mbéal forbartha agus chun iad a dhoimhniú agus, in éineacht leis an gCoimisinéir um Chomhpháirtíochtaí Idirnáisiúnta, a áirithiú go leanfaidh an caidreamh trádála agus infheistíochta de bheith ag cur leis na**Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe** (SFIanna) a bhaint amach.

Ar an dara dul síos, i bhfianaise tharraingteacht an Mhargaidh Aonair agus leas seanbhunaithe an Aontais tacú le tíortha comhpháirtíochta agus iad ag iarraidh forbairt inbhuanaithe a bhaint amach, má dheimhnítear m’ainmniúchán, tabharfaidh mé aird ar leith ar úsáid éifeachtach uirlisí an Aontais lena n-áirítear **Scéim na bhFabhar Ginearálaithe Plus (GSP+)**. Go sonrach, áiritheoidh mé go bhfanfaidh GSP+ ina uirlis éifeachtach trí rannpháirtíocht leanúnach an Aontais leis na húdaráis rialtais GSP+ áirithiú, trí áit a dhaingniú ina bhféadfaidh an tsochaí shibhialta agus gnólachtaí athruithe a bhrú ar aghaidh ar an láthair, agus trí aird ar leith a thabhairt ar chearta na mban agus na bpáistí a chur chun cinn, ar chéasadh agus drochíde fhisiciúil a chomhrac agus ar dheireadh a chur le saothar leanaí agus saothar éigeantais. Ag an am céanna, is uirlis é GSP+ ar féidir leis an Aontas a ghiaráil chun go n-áiritheofar a leasanna féin i réimsí beartais eile, amhail an comhar maidir le himirce agus athligean isteach.

Is é is aidhm bheacht don athbhreithniú reachtach leanúnach ar GSP rochtain ar GSP+ a éascú don líon méadaitheach tíortha is lú forbairt nach mbainfidh leis an gcatagóir sin a thuilleadh sna blianta beaga amach romhainn. Má dheimhnítear m’ainmniúchán, féachfaidh mé le teacht ar chomhaontú maidir leis an athbhreithniú ar Rialachán GSP chun leanúint de bheith ag tacú le lánpháirtiú ár gcomhpháirtithe atá i mbéal forbartha sna sreafaí trádála idirnáisiúnta chomh maith lena n-urraim do chaighdeáin idirnáisiúnta maidir le cearta an duine, cearta saothair, an comhshaol, an aeráid agus dea-rialachas.

Ar an tríú dul síos, leanfaidh mé de bheith ag thacú le cur chun cinn ár g**Comhaontuithe Comhpháirtíochta Eacnamaíche** (CCEanna) agus féachfaidh mé ar shíneadh a chur lena raon feidhme. Bhí tionchar dearfach ag

CCEnna ar gheilleagair na dtíortha atá i gceist. Mar shampla, tháinig méadú 63 % ar infheistíochtaí an Aontais i dtíortha comhpháirtíochta CCE le 5 bliana anuas, i gcomparáid le 20 % i dtíortha nach tíortha CCE iad. Cé go mbaineann formhór na CCEnna le trádáil in earraí, leathnaigh an Comhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche idir an tAontas agus an Chéinia a tháinig i bhfeidhm an 1 Iúil 2024 ár gcur chuige agus tá gealltanais láidre ann maidir le trádáil agus forbairt inbhuanaithe. Tá an Comhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche idir an tAontas agus an Chéinia oscailte do thíortha eile i gComhphobal na hAfraice Thoir agus, dá bhrí sin, tá sé mar aidhm aige a bheith ina CCE réigiúnach. Táimid i mbun nuachóiriú freisin ar CCE atá ann cheana le cúig stát san Afraic Thoir agus i nDeisceart na hAfraice (ESA5: Oileáin Chomóra, Madagascar, Oileán Mhuirís, na Séiséil agus an tSiombáib) atá i bhfeidhm ó bhí 2012 ann chun go gcumhdóidh an comhaontú ábhair thar thrádáil in earraí agus an comhar eacnamaíoch agus an comhar um fhorbairt.

Má dheimhnítear m'ainmniúchán, féachfaidh mé ar bhealaí eile chun comhpháirtíocht straitéiseach an Aontais leis an Afraic a dhoimhniú, ar an leibhéal déthaobhach agus ar an leibhéal ilchríochach araon. Go déthaobhach, táimid ag tabhairt faoi Chomhaontuithe lena n-Éascaítear Infheistíocht Inbhuanaithe (CÉIIanna), agus tugadh an chéad cheann díobh i gcrích le hAngóla. Fiosróidh mé úsáid an chineáil sin comhaontaithe le comhpháirtithe Afracacha eile (Gána, an Cósta Eabhair agus Camarún). Fiosróidh mé an méid is féidir a bhaint amach trí Idirphlé Trádála agus Infheistíochta le tíortha straitéiseacha eile, amhail an Afraic Theas agus an Nigéir, chomh maith le modhanna eile caidrimh chun sraith cuspóirí beartais atá ag dul i méid a shaothrú, amhail comhpháirtíochtaí um thrádáil agus infheistíocht ghlan. Ar an leibhéal ilchríochach, tabharfaidh mé faoi fhorbairt bhreise a dhéanamh ar an Idirphlé Ardleibhéil maidir le Lánpháirtiú Eacnamaíoch agus Trádáil leis an Aontas Afracach.

Má dheimhnítear m'ainmniúchán, leanfaidh mé de tharraingteacht ár CCEnna agus an GSP+ dár gcomhpháirtithe a fhorbairt trí rialacha tionscnaimh solúbtha éifeachtacha lena gceadófar do thíortha san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin úsáid a bhaint as na fabhair a bhfuil siad ina dteideal, mar aon le cúnamh teicniúil agus oiliúint iomchuí. Ag an am céanna, áiritheoidh gníomhaíochtaí faireacháin ar thairbhithe GSP nach bhfaighidh ach táirgí incháilithe fabhair. Má dheimhnítear m'ainmniúchán mar Choimisinéir, déanfaidh mé meastóireacht ar rialacha tionscnaimh an Aontais, chun a n-oiriúnacht don fheidhm a mheasúnú agus chun machnamh a dhéanamh ar an bhféidearthacht iad a nuachóiriú.

<u>Ceist ón gCoiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra</u>

*11. Cad iad na cuspóirí a bheadh agat maidir leis an Aontas Custaim a thabhairt go dtí an chéad leibhéal eile agus custaim éifeachtúla agus nua-aimseartha a áirithiú, go háirithe chun dul i ngleic le dúshláin amhail dúshláin na n-ardán ríomhthráchtála, mar a fógraíodh i dtreoirlínte polaitiúla Uachtarán an Choimisiúin agus cén ghníomhaíocht bhreise a shamhlófá i ndáil leis sin? Cé go gcruthódh an t-athchóiriú custaim Mol Sonraí Custaim láraithe a rachadh chun tairbhe d'údaráis chustaim agus do ghnólachtaí araon, cén aidhm a bheadh ag an gCoimisiún an t-aistriú i dtreo timpeallacht chustaim lándigiteach a thabhairt chun críche agus tuilleadh moilleanna ar na Ballstáit a sheachaint i gcur chun feidhme córais TF? Idir an dá linn, an bhfuil sé i gceist agat feabhas a chur ar an gcomhar idir na húdaráis faireachais margaidh agus athruithe spriocdhírithe a chur chun cinn, amhail maoiniú breise d'údaráis chustaim, chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann le hardáin ríomhthráchtála atá bunaithe i dtríú tíortha, lena n-áirítear rialacha an Aontais a bheith á seachaint trí orduithe a bheartánú?*

Má dheimhnítear m'ainmniúchán mar Choimisinéir, stiúrfaidh mé na hiarrachtaí maidir leis an gcaibidlíocht agus maidir le cur chun feidhme Athchóiriú Custaim an Aontais agus bunú Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh. Na bearta a moladh san athchóiriú, cuireann siad fís i láthair do chóras custaim an Aontais den chéad scoth atá bunaithe ar shonraí, rud a dhéanfaidh simpliú ábhalmhór ar na próisis chustaim do ghnólachtaí, go háirithe do na trádálaithe is iontaofa. Tabharfaidh siad Aontas Custaim an Aontais Eorpaigh isteach sa 21ú haois, tacóidh siad leis na 27 nÚdarás Custaim de chuid an Aontais agus iad ag gníomhú mar údarás custaim amháin ag ár gcomhtheorainn, agus neartóidh siad an tslándáil eacnamaíoch agus éascóidh siad an trádáil freisin. Trí lántairbhe a bhaint as an gclaochlú digiteach, fágfaidh an t-athchóiriú gur lú an méid próiseas custaim anásta a bheidh ann, arae déanfaidh sé simpliú ar na dearbhuithe traidisiúnta le cur chuige i leith maoirseacht ar allmhairí agus onnmhairí a bheidh níos cliste agus a bheidh bunaithe ar shonraí. Ag an am céanna, beidh faisnéis agus modhanna níos fearr ag údaráis chustaim chun measúnú cuí a dhéanamh ar allmhairí aindleathacha agus chun stop a chur leo agus, i gcás inarb infheidhme, stop a chur le honnmhairí lena mbaineann rioscaí iarbhír do shaoránaigh, do gheilleagar agus do chomhshaol an Aontais. Déanfaidh Údarás Custaim nua de chuid an Aontais (UCAE) Mol Sonraí Custaim de chuid an Aontais a fhorbairt agus a mhaoirsiú a fheidhmeoidh mar inneall an éiceachórais nua. Le himeacht ama, tiocfaidh an Mol Sonraí in ionad an bhonneagair agus na gcóras TF custaim atá ann cheana i mBallstáit an Aontais, rud a shábhálfaidh suas le EUR 2 bhilliún in aghaidh na bliana i gcostais oibriúcháin. Cuideoidh UCAE freisin le cur chuige feabhsaithe de chuid an Aontais a bhaint amach i leith bainistiú riosca agus rialuithe custaim ar fud

shlabhraí soláthair na earraí ina n-iomláine.

Tríd an gClár Custaim, áirithímid go ndéanfar feabhsuithe comhchosúla ar dhigitiú agus ar bhainistiú riosca i dtíortha an mhéadaithe agus i dtíortha réamhaontachais agus inár nAontas Custaim leis an Tuirc freisin, rud a threiseoidh rialú ár dteorainneacha seachtracha i gcás earraí, go háirithe i gcás slabhraí soláthair criticiúla agus smachtbhannaí.

Má dheimhnítear m'ainmniúchán mar Choimisinéir, oibreoidh mé le comhaltaí eile den Choláiste chun cabhrú le dul i ngleic leis na dúshláin a bhaineann le hardáin ríomhthráchtála, agus líon na n-earraí neamh-chomhlíontacha ag dul i méid, iad go minic i mbeartáin ar luach faoi bhun EUR 150 a allmhairítear go díreach ó thríú tíortha.

In 2023, allmhairíodh 2.3 bhilliún ítim go díreach chuig an Aontas agus táthar ag súil le 4 bhilliún ítim in 2024. Is ar na húdaráis phoiblí i seacht mBallstát amháin (an Ísiltír, an Bheilg, an Fhrainc, an Ungáir, an Iodáil, an Spáinn agus an Ghearmáin) a bhí an fhreagracht as maoirseacht a dhéanamh ar os cionn 90 % de na hearraí sin. Éilíonn rialuithe custaim dlúthchomhar leis na húdaráis faireachais margaidh atá i gceannas ar a áirithiú go gcomhlíonann na hearraí na dlíthe agus na rialacháin is infheidhme, lena n-áirítear ceanglais chomhshaoil, sláinte, sábháilteachta agus slándála.

Mar gheall ar an méadú géar ar allmhairí ríomhthráchtála, tá gá le gníomhaíochtaí i roinnt réimsí, chun aghaidh a thabhairt ar thrí phríomhdhúshlán: comhlíontacht na n-earraí, go háirithe ó thaobh sábháilteachta de; an iomaíocht éagórach idir gnólachtaí atá bunaithe san Aontas agus trádálaithe agus margaí tríú tíortha atá dírithe ar thomhaltóirí atá bunaithe san Aontas, ar minic nach gcomhlíonann siad reachtaíocht an Aontais agus a bhaineann leas as an tairseach díolúine EUR 150 ó dhleacht chustaim; agus an inbhuanaitheacht comhshaoil.

Tá uirlisí molta agus forbartha ag an gCoimisiún chun aghaidh a thabhairt ar an bhfeiniméan sin, lena gcumhdaítear gnéithe éagsúla de dhíolacháin earraí ar líne, ó dhíolachán an earra go dtí a allmhairiú nó a chur ar mhargadh an Aontais. Ina measc sin, beidh ról ríthábhachtach ag an nGníomh um Sheirbhísí Digiteacha, ag an Rialachán maidir le Faireachas Margaidh agus ag an Rialachán maidir le Sábháilteacht Ghinearálta Táirgí chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh táirgí a thairgtear lena ndíol ar líne rialacha uile an Aontais is infheidhme. Ba cheart don Aontas leas iomlán a bhaint as an mbosca uirlisí atá ar fáil anois chun go méadófar an chomhlíontacht a mhéid a bhaineann le hearraí a dhíoltar ar líne agus allmhairiú earraí ríomhthráchtála.

Ó thaobh custaim de, le hIonad Ilfhreastail an Aontas maidir le Custam cumasaítear comhar digiteach uathoibrithe cheana féin idir údaráis chustaim agus údaráis faireachais margaidh trí mhalartuithe sonraí fíor-ama a éascú. Leis an athchóiriú atá beartaithe ar Chustam an Aontais, tabharfar réitigh fhadtéarmacha shistéamacha ar dhúshlán na ríomhthráchtála. Treiseofar cumas na n-údarás custaim maoirseacht agus rialú a dhéanamh ar na sreafaí, a bhuí le hÚdarás Custaim an Aontais agus le Mol Sonraí Custaim an Aontais, rud a chumasóidh cur chuige feabhsaithe de chuid an Aontais maidir le bainistiú riosca. Cuirfidh sé freisin le taithí rathúil na reachtaíochta CBL, trí choincheap an 'allmhaireora mheasta' a thabhairt isteach, le haghaidh ardán ríomhthráchtála sa chás seo, a bheidh freagrach as a áirithiú go n-íocfar dleachtanna agus cánacha i gceart, agus as comhlíontacht táirgí le rialacha ábhartha an Aontais freisin. Leis an athchóiriú custaim cuirfear deireadh freisin leis an díolúine dleachta EUR 150 agus tabharfar isteach cóir tharaife shimplithe lena ngrúpálfar na dleachtrátaí i 'mbuicéid' mar shimpliú deonach, rud a sheachnóidh an cleachtas reatha beartáin a dheighilt chun go bhfanfaidh siad faoin tairseach díolúine.

Tá sé tábhachtach go nglacfadh na comhreachtóirí an pacáiste um athchóiriú custaim chomh tapa agus is féidir, ós rud é go dtugann an t-athchóiriú sin fíorchumas straitéiseach don Aontas gníomhú mar aon údarás amháin chun freagairt do na bagairtí a bhaineann le trácht ríomhthráchtála aindleathach agus neamh-chomhlíontacht, rud a chuireann ar ár gcumas cosaint níos fearr ar dhíobháil a thabhairt dár saoránaigh agus cosaint níos fearr ar iomaíocht éagórach a thabhairt dár bpoist, dár nuálaíocht agus dár dtionscail. Ag an am céanna, oibreoidh mé i ndlúthchomhar leis na Coimisinéirí atá freagrach as na comhaid sin chun cur chuige a chumhdóidh na gnéithe ar fad a áirithiú. Má mheastar go mbaineann an tsamhail ghnó leas as an deacracht struchtúrach atá ann ó thaobh seiceálacha leordhóthanacha comhlíontachta a chur i bhfeidhm ar an líon ollmhór earraí a dhéantar a phacáistiú ina n-aonar agus a sheoltar ón gcoigríoch, ba cheart dúinn a bheith oscailte do bhearta eile freisin.

Maidir le cur chun feidhme TF Chód Custaim an Aontais, cé go bhfuil an fhorbairt faoi chúram an Choimisiúin ar an mbóthar ceart, tá tionchar ar a cur chun feidhme foriomlán mar gheall ar mhoilleanna sna Ballstáit arb iad tosca éagsúla is cúis leo. Bíonn tionchar cuilitheach ag moilleanna i mBallstát amháin ar Bhallstáit eile, rud a chuireann moill ar éascuithe trádála áirithe, mar a luaitear i dtuarascáil bhliantúil ar dhul chun cinn Chód Custaim an Aontais le haghaidh 2023. Tá an Coimisiún i mbun gníomhaíochtaí maolúcháin éagsúla, agus tá rún agam leanúint leo agus iad a threisiú. Go sonrach, táim ag tagairt do mhaoirseacht agus d'fhaireachán feabhsaithe ar chur chun feidhme

Chód Custaim an Aontais trí chuairteanna ar an láthair, cúnamh tiomnaithe treisithe do na Ballstáit atá ag dul i ngleic le fadhbanna maidir leis na córais thras-Eorpacha, cistiú suaitheanta tiomnaithe faoin Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil le haghaidh 2024, agus, ar an iomlán, tacaíocht shaincheaptha thiomnaithe laistigh de theorainneacha shainordú agus bhuiséad an Choimisiúin.

Ceisteanna ón gCoiste Um Ghnóthaí Dlíthiúla

**12. Aontachas tríú tíortha le coinbhinsiúin agus urraim d'Airteagal 218(6) CFAE**

*Déantar foráil i roinnt coinbhinsiún idirnáisiúnta a bhfuil an tAontas Eorpach ina pháirtí iontu, go háirithe i gcomhthéacs Chomhdháil na Háige, d'aontachas tríú Stáit trí bhíthin clásail lena mbunaítear nós imeachta 'tosta/neamhagóide' ar an leibhéal idirnáisiúnta. I dTuairim 1/13 uaithi an 14 Deireadh Fómhair 2014, chinn Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh gurb ionann an gníomh aontachais agus an dearbhú glactha i leith an aontachais sin agus comhaontú idirnáisiúnta de réir bhrí Airteagal 218 CFAE. I rún uaithi an 15 Meitheamh 2023 maidir le tacú le haontachas na hÚcráine le Coinbhinsiún an 2 Iúil 2019 maidir le hAithint agus Forfheidhmiú Breithiúnas Coigríche in Ábhair Shibhialta nó Thráchtála (2023/2689(RSP)), mheas an Pharlaimint gur cheart an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 218(6) CFAE a leanúint in ábhair a bhaineann le seasamh an Aontais a bhunú i ndáil le haontachas tríú stáit le Coinbhinsiúin Chomhdháil na Háige. Sa chiall sin, i gcás gach aontachas tríú tír le Coinbhinsiún na Háige a thagann faoi shásra neamhagóide, ba cheart don Choimisiún togra le haghaidh cinneadh a chur faoi bhráid na Comhairle, a dhéanfadh cinneadh den sórt sin le haontú na Parlaiminte. Má chinneann an Chomhairle, le toiliú na Parlaiminte, 'agóid a dhéanamh' maidir le caidreamh a bhunú faoin gCoinbhinsiún le Stát Conarthach nua, bheadh ar an gCoimisiún fógra a thabhairt don Taiscí chuige sin. Is le nós imeachta den sórt sin amháin a cheadófaí leithdháileadh na gcumhachtaí faoi na Conarthaí a urramú, i gcomhréir le cásdlí na Cúirte Breithiúnais maidir le comhaontuithe idirnáisiúnta. Mar sin féin, mheas an Coimisiún, go háirithe sa díospóireacht ar an tsaincheist sin sa Seisiún Iomlánach an 14 Nollaig 2023, nach bhfuil ina oibleagáidí ina leith sin ach oibleagáidí faisnéise: geallann an Coimisiún an Pharlaimint agus an Chomhairle a chur ar an eolas agus a gcuid tuairimí a chur san áireamh. Dá bhrí sin, agus cinneadh á dhéanamh ag an gCoimisiún maidir le cinneadh agóide a mholadh nó gan é a mholadh, chuirfeadh sé an Pharlaimint ar an eolas faoi aon aontachas tríú tír le coinbhinsiún ábhartha na Háige atá beartaithe, agus aird chuí á tabhairt ar na tuairimí a cuireadh in iúl. Más rud é, tar éis plé sa Chomhairle agus sa Pharlaimint, go ndealraíonn sé nach bhfuil aon chúis ann chun agóid a dhéanamh i gcoinne aontachas an tríú Stát, ní ghlacann an Coimisiún seasamh go foirmiúil, faoi mar atá faoi láthair. Ós rud é nach dtionscnaítear an nós imeachta sin ach amháin nuair a chinneann an Coimisiún togra a dhéanamh agus agóid a dhéanamh, déantar leithdháileadh na gcumhachtaí sa phróiseas cinnteoireachta mar a leagtar síos in Airteagal 218 CFAE a shaobhadh i ndairíre.*
*Má deimhníodh do cheapachán mar Choimisinéir, cén chaoi a bhfuil sé i gceist agat a áirithiú go n-urramóidh an Coimisiún an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 218(6) CFAE, i gcás aontachas tríú Stáit le comhaontuithe idirnáisiúnta ina bhfuil clásail neamhagóide, rud a áiritheoidh go gcomhlíonfar an nós imeachta cinnteoireachta ceart agus dáileadh na n-inniúlachtaí faoi na Conarthaí?*

Tá mé lántiomanta lánurraim a áirithiú do na nósanna imeachta a leagtar síos sna Conarthaí agus do shainphribhléidí institiúideacha Pharlaimint na hEorpa agus an Chomhairle. Cuimhním go ndéanann an Coimisiún Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle a chur ar an eolas go comhsheasmhach faoi gach aontachas tríú tír leis na Coinbhinsiúin atá beartaithe, agus déantar sin trí bhíthin nós imeachta neamhagóide, d'fhonn plé a dhéanamh cé acu ba cheart nó nár cheart agóid a bhreithniú. Tugann an Coimisiún aird iomlán ar na tuairimí a chuirtear in iúl i bParlaimint na hEorpa agus sa Chomhairle. Táim réidh le féachaint níos mó ar bhealaí chun comhar idirinstitiúideach a bharrfheabhsú i ndáil leis sin.

Ceist ón gCoiste Um Achainíocha

*13. Ní mór feabhas a chur ar thrédhearcacht na nósanna imeachta um shárú chomh maith le cumarsáid le hachainígh maidir le staid na himeartha i ndáil le nósanna imeachta um shárú ar mhaithe le próiseas na hachainí. Ina theannta sin, is minic nach ndéantar aon dul chun cinn maidir le nósanna imeachta um shárú ar feadh na mblianta. Ba mhór ag Coiste PETI níos mó réamhghníomhaíochta agus uathoibríochta maidir le faisnéis achomair a fháil faoi staid na himeartha i ndáil le nósanna imeachta um shárú a bhaineann le hachainíocha mar chuid den idirphlé struchtúrtha idir PETI agus an Coimisinéir atá freagrach as achainíocha. Agus an méid sin á chur san áireamh, cad iad na gníomhaíochtaí sonracha a chuirfeá i bhfeidhm chun láimhseáil níos fearr, comhordú níos fearr agus faisnéis rialta agus thráthúil a áirithiú maidir le staid na himeartha i ndáil le himeachtaí um shárú agus EU Pilots atá nasctha le hachainíocha; dlús a chur le réiteach cásanna seanbhunaithe gaolmhara*

*oscailte de sháruithe chun a áirithiú nach bhfágfar saoránaigh ag fanacht ar thoradh go ceann tréimhse éiginnte; uirlis idirinstitiúideach nua TF a chur chun feidhme idir an Coimisiún agus an Pharlaimint lena n-éascófaí rochtain na Parlaiminte ar an bhfaisnéis ábhartha uile a bhaineann le hachainíocha agus lena n-áireofaí na ceanglais sin don Choimisiún san athbhreithniú ar an gCreat-Chomhaontú?*

Measann an Coimisiún go bhfuil tábhacht mhór ag baint le trédhearcacht a ghníomhaíochtaí chun dlí an Aontais a fhorfheidhmiú toisc go gcuireann sé sin ar chumas an phobail i gcoitinne páirt a ghlacadh i bhfreagracht chomhroinnte an fhorfheidhmithe agus gur féidir leis rannchuidiú le comhlíonadh níos tapúla ag na Ballstáit a chur chun cinn.

Tá céimeanna éagsúla tógtha ag an gCoimisiún cheana féin chun an fhaisnéis ábhartha a chur ar fáil don phobal. Faisnéis atá cothrom le dáta maidir leis an gcéim is déanaí a glacadh i ngach cás, soláthraítear í i gclár poiblí maidir le cásanna um shárú. Foilsítear preaseisiúintí maidir leis na cinntí is tábhachtaí maidir le sárú a ghlactar i dtimthriallta rialta um shárú. Ina theannta sin, foilsíonn an Coimisiún tuarascáil bhliantúil maidir le faireachán ar chur i bhfeidhm dhlí an Aontais, ina leagtar amach na príomhthreochtaí, ina sonraítear an comhar leis na Ballstáit agus ina sainaithnítear réimsí ina bhfuil gá le hiarrachtaí breise. Féadfaidh an Pharlaimint faisnéis a iarraidh freisin maidir le cásanna sonracha leanúnacha um shárú, i gcomhréir le Creat-Chomhaontú 2010.

Tá sé tábhachtach freisin an córas a dhéanamh níos so-úsáidtí do shaoránaigh. Is féidir an clár poiblí a úsáid anois chun achainíocha a chuardach, agus tá nasc ann chuig Tairseach Achainíocha Pharlaimint na hEorpa. Fágann na forbairtí sin go bhfuil sé níos éasca don phobal teacht ar chásanna um shárú atá ann cheana maidir le hábhair shonracha, dul chun cinn a rianú agus a fhíorú an bhfuil aon achainí nasctha le himscrúduithe leanúnacha.

Má dheimhnítear m’ainmniúchán mar Choimisinéir, cuirfidh mé leis na gníomhaíochtaí trédhearcachta feabhsaithe sin agus molfaidh mé idirnascadh breise a dhéanamh idir clárlann phoiblí an Choimisiúin um chinntí maidir le sárú agus Tairseach Achainíocha Pharlaimint na hEorpa. Ní bheidh le déanamh ag achainíoch ach cliceáil shimplí i dTairseach na nAchainíocha chun teacht ar an gcás ábhartha um shárú i gclár poiblí an Choimisiúin, agus a mhalairt. Is gá go ndéanfar tagairt i gcónaí don chás ábhartha agus do staid na himeartha sna freagraí ón gCoimisiún ar Pharlaimint na hEorpa maidir le hachainíocha atá nasctha le nósanna imeachta um shárú agus le hidirphlé EU Pilot.

Treiseoidh mé trédhearcacht ár ngníomhaíochta forfheidhmiúcháin freisin, trí leathanaigh ghréasáin nua ina dtabharfar faisnéis sho-úsáidte maidir le cásanna um shárú (mar shampla treochtaí agus am chun rialú Cúirte a chomhlíonadh, nó meántréimhse láimhseála cásanna), easnamh trasuite, easnamh comhréireachta agus idirphlé EU Pilot. Go sonrach, tuigim go bhfuiltear ag iarraidh tuilleadh trédhearcachta faoinár n-idirphlé EU Pilot agus mholfainn tús a chur le tuilleadh faisnéise a fhoilsiú ar ár leathanaigh ghréasáin, amhail líon na seisiún idirphlé EU Pilot a seoladh, a dúnadh agus a osclaíodh ag deireadh gach bliana, chomh maith le tuilleadh forléargais ar na Ballstáit, ar na réimsí beartais nó ar na hábhair lena mbaineann. Maidir leis an gceist faoi uirlis TF idirinstitiúideach nua a chruthú, táim réidh le measúnú a dhéanamh ar a indéanta a bheadh sé tabhairt faoi sin idir an Coimisiún agus an Pharlaimint, laistigh de theorainneacha na n-acmhainní buiséadacha atá ar fáil.

Maidir leis na gnéithe sin a chumhdach sa Chreat-chomhaontú, déanfaidh an Coimisiún machnamh cúramach ar na hiarrataí ón bParlaimint.